

# Tuarascáil Bhliantúil 2014



## CLÁR ÁBHAR

<i>TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH</i> .....	5
1. FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA.....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
2. DLÍ IOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
3. MEASÚNÚ AR CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA.....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
4. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
5. OBAIR IDIRNÁISIÚNTA.....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA .....	<b>Error! Bookmark not defined.</b>
A. AGUISÍNÍ: COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA .....	34
B. CUMAISIC AR TUGADH FÓGRAÍ FÚTHU DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2014 .....	35
C. STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASÚNAÍODH 2011-2014 .....	37
D. AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2014 .....	38
E. SEIMINEÁIR, URLABHRAÍ, CUR I LÁTHAIR AGUS PÁIPÉIR .....	40





## **TEACHTAIREACT ÓN gCATHAOIRLEACH**

Bliain thábhachtach a bhí in 2014 don Údarás Iomaíochta. I ndiaidh 23 bliain ar an bhfód, agus sé bliana tar éis go ndearnadh an chéad fhógra, cónascadh an tÚdarás leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014 agus cruthaíodh an Coimisiún um Iomaíochta agus Cosaint Thomhaltóirí. D'éascair cruthú an chomhlachta nua as go leor obair dhian ag an bhfoireann sa dá eagraíocht, agus tabhairt faoi ghnáthjabanna laethúla an dá eagraíochta ag an tráth céanna.

Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, Tuarascáil deiridh an Údaráis Iomaíochta, an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2014. Le linn an ama sin, lean an tÚdarás le sárúithe ar an dlí iomaíochta a fhiosrú, abhcóideacht a dhéanamh d'athruithe ar dhlíthe agus rialacháin ag a bhfuil tionchar frithiomaíoch, athbhreithniú a dhéanamh ar chónascadh agus feasacht a mhúscaill ar shochair na hiomaíochta, go ginearálta, i measc ár bpáirtithe leasmhara.

Nuair a chaithimid súil siar ar thaifead an Údaráis ó bunaíodh é i dtosach báire i 1991, féadfaidh sé a bheith bródúil as an méid atá bainte amach aige agus ag a réamhtheachtaithe. I dtosach báire, d'oibrigh an tÚdarás córas "imréitigh dhiúltaigh", inar chuir cuideachtaí comhaontuithe in iúl don Údarás agus ina ndearna an tÚdarás cinneadh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí iad a cheadú faoin dlí iomaíochta. D'éirigh leis an eagraíocht na scileanna dlí agus anailíse a fhoghlaim a theastaigh chun an dlí iomaíochta a chur i bhfeidhm, ach mar gheall ar chineál frithghníomhach an chórais, chaitheamar go leor ama ag plé le comhaontuithe nach ndearna díobháil don iomaíocht nó do thomhaltóirí, nó nár bhain an oiread sin tábhachta leo, go bunúsach. Tháinig athrú ar an dlí i 1996 nuair a deimhníodh gurb ionann sárúithe ar an dlí iomaíochta agus cionta coiriúla. Bhraith go leor tráchtairí um an dtaca sin nach raibh seo do-oibríthe, ach cruthaíodh go raibh dul amú orthu nuair a bhain an tÚdarás na chéad chiontuithe coiriúla amach ag giúire i dtaobh cion cairtéil san Eoraip, in 2006.

Lean an tÚdarás ag caitheamh lena bhfreagrachtaí maidir le coireacht an bhóna bháin a bhrath agus a ionchúiseamh. Anuas air sin, rinne siad idirghabháil trí uirlisí eile a úsáid, ar nós cásanna cúirte sibhialta, staidéir mhargaidh agus abhcóideacht a bhí dírithe ar an Rialtas agus ar rialtóirí. Rinneadh feidhm rialaithe cónasctha a chur i bhfeidhm agus a mhínchoigeartú a bhfuil clú idirnáisiúnta uirthi as soiléireacht agus tráthúlacht na gcinntí a dhéanann sí. Níor umhlaigh sé riamh ó ghlacadh le leasanna dílsithe, agus rinne a ghníomhartha difríocht do thomhaltóirí in earnálacha a fhairsinge le grósaeireacht, gluaisteáin, ola téimh bhaile, iompar, talmhaíocht, seirbhísí gairmiúla, baincéireacht, árachas agus seirbhísí poist.

In 2014, tugadh imscrúdú chun críche ar iompar frithiomaíoch san earnáil urlárach tráchtála, agus cuireadh comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. D'éascair réiteach sásúil as cás díol suntais i leith Chumann Leighis na hÉireann, inar thug CLÉ an gealltanais gan comh-astarraingt seirbhísí i measc a gcomhaltaí a eagrú nó a mholadh, agus d'aithin siad an ceart atá ag an Aire Sláinte chun táill ar sheirbhís LG a shocrú. Mar thoradh ar imscrúdú ar phraghsáil seirbhísí foilseacháin An Post, tháinig athrú ar a iompar sa mhargadh. I ngeall ar ghníomhaíocht rialaithe cónasctha, rinneadh imscrúdú iomlán Chéim 2 ar éadail Glanbia Ingredients Ireland Limited ar Wexford Creamery, agus tugadh faoi imscrúdú sinthe chéim 1 ar idirbheart ina raibh comhrialú ar

Arnotts i gceist. I measc ghníomhaíocht abhcóideachta an Údaráis, bhí aighneachtaí ar rialáil fuinnimh, iompair agus bailiú dramhaíl tí, agus cloíodh le moltaí staidéir 2013 an Údaráis ar iomaíocht in earnáil chuanta na hÉireann.

Táimid cónasctha anois le heagraíocht eile ag a bhfuil a mhacasamhail de chuntas tréan teiste chun leasanna tomhaltóirí a chosaint, dul i ngleic le leasanna dílsithe agus tabhairt faoi réitigh fhianaisebhunaithe a bhaint amach – an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Ag feidhmiú mar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí, tá sé de rún againn ár n-iarrachtaí a dhíriú ar na limistéir inar féidir linn an tionchar is mó a imirt, agus chun an réimse iomlán saineolais agus áiseanna atá ar fáil againn a úsáid go n-oibreoidh na margáí níos fearr ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí.



**I Solde Goggin**

**Cathaoirleach, an tÚdarás Iomaíochta**

# 1. FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

---

A fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014, ba iad an tÚdarás Iomaíochta an ghníomhaireacht náisiúnta a bhí freagrach as dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa a fhorfheidhmiú. Bhíomar freagrach as sárúithe amhrasta dlí iomaíochta a fhiosrú agus dul i mbun gníomhaíocht forfheidhmithe sa chás cuí, chun cinntí a dhéanamh ar cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh tionchar diúltach ag cónascadh agus éadálacha ar iomaíocht agus chun iomaíocht a chur chun cinn go ginearálta sa gheilleagar. Cónascadh an tÚdarás Iomaíochta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair agus cruthaíodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Ag an dáta seo, tháinig an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, i bhfeidhm, chomh maith. Tugtar cuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar obair an Údarás Iomaíochta, faoin Acht Iomaíochta, 2002, arna leasú, a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014.

A fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014, bhí iomaíocht in Éirinn á rialú go príomha ag an Acht Iomaíochta, 2002 (an tAcht), arna leasú, agus ag Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU). Murab ionann agus go leor tíortha Eorpacha, áit inar féidir le gníomhaireachtaí iomaíochta, iad féin, cinneadh a dhéanamh ar shárúithe dlí agus pionóis ar nós fineálacha a ghearradh, tá na Cúirteanna freagrach as sin in Éirinn. D'fhiosraigh an tÚdarás Iomaíochta sárúithe amhrasta dlí iomaíochta agus ghlacamar imeachtaí dlí sa Chúirt, nó, i gcás sárúithe tromchúiseacha coiriúla, sheolamar comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP), a dhéanann cinneadh ar cibé acu ionchúiseamh coiriúil ar díotáil a ghlacadh nó gan amhlaidh a dhéanamh.

Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas ar ghníomhaíochtaí an Údarás Iomaíochta ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2014. I ndiaidh gur bunaíodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, cuireadh deireadh leis an Údarás Iomaíochta mar aonán dlíthiúil. Chun teacht ar fhaisnéis ar chumhachtaí, feidhmeanna agus freagrachtaí an Údarás Iomaíochta, féach Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo, le do thoil.

## Cónascadh leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

In 2008, d'fhógair an Rialtas go gcónascfar an tÚdarás Iomaíochta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an NCA) mar chuid de réadú gníomhaireachtaí Stáit. Cuireadh obair a rinneadh ar reachtaíocht le hathbhreithniú ar an Acht Iomaíochta a bhí ar bun um an dtaca sin. Rinneadh breis fairsingiú ar pheleananna don reachtaíocht, ina dhiaidh sin, agus cuireadh forálacha nua leo chun déileáil le cónascadh in earnáil na meán mar aon le cód iompair reachtúil don earnáil ghrósaereachta.

Foilsíodh an Bille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, a rinne foráil do chónascadh an dá eagraíochta i gcomhlacht nua amháin – an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – an 31 Márta 2014, achtaíodh é an 28 Iúil 2014 agus cuireadh tús feidhme leis an 31 Deireadh Fómhair 2014.

In 2014, chaith an tÚdarás (agus an NCA) roinnt mhaith acmhainní ar chlár mór tionscadal lena chinntiú go mbeadh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ag oibriú an 31 Deireadh Fómhair 2014. D'oibrigh comhalta sinsearach d'fhoireann an Údarás go heisiach ar an gclár Cónasctha agus bhí baint ag os cionn leath fhoireann an Údarás sna bloic éagsúla thógála a chruthú a theastaigh don ghníomhaireacht Stáit nua. Theastaigh ionchur agus comhaontú ón Údarás agus ón NCA araon ó gach tionscadal, agus cuireadh nósanna imeachta rialachais i bhfeidhm dó seo.

Chinntigh an clár tionscadal seo go raibh an méid a leanas i bhfeidhm go tráthúil do bhunú an Choimisiúin nua:

1. Misean, fis agus luachanna an Choimisiúin.
2. Struchtúr corparáideach.

3. Modhanna comhtháite seachtracha agus inmheánacha TFC.
4. Córas nua airgeadais.
5. Os cionn 30 beartas agus nós imeachta.
6. Branda nua.
7. Láithreán gréasáin idirthréimhsiúil.

Soláthraíodh gach ceann den mhéid thuas laistigh de bhuiséid reatha an Údaráis Iomaíochta agus an NCA laistigh d’amfhrámaí dúshlánacha.

### Gearáin a fuair an tÚdarás

Tugtar miondealú sa tábla a leanas ar an líon gearán a fuair an tÚdarás idir an 1 Eanáir agus an 30 Deireadh Fómhair 2014.

**Tábla 1: Líon iomlán na nGearán a fuair an tÚdarás a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014**

<b>Gearáin a fuair an tÚdarás a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014</b>	
Arna réiteach ag Scagadh	81
Measúnú Mionsonraithe	102
(Ar bun go fóill i nDeireadh Fómhair)	(69)
(Tugtha chun críche i ndiaidh measúnú)	(33)
Curtha leis an obair reatha	3
<b>Iomlán</b>	<b>186</b>

As na gearáin lenar déileáladh ag rannáin forfheidhmithe an Údaráis, bhí an méid a leanas i gceist leo:

- 19 ngearán faoi iompar líomhnaithe cairtéil choiriúil.
- 102 gearán nua ann i leith comhaontuithe frithiomaíocha agus mí-úsáid ceannais.

Ina theannta sin, chuireamar athbhreithniú i gcrích ar líon gearán a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin. Ina measc seo bhí ocht ngearán i leith iompar líomhnaithe cairtéil agus 23 gearán i leith comhaontuithe eile frithiomaíocha agus mí-úsáid ceannais.



## 2. DLÍ IOMAÍOCHTA A FHORFHEIDHMIÚ

---

### Imscrúduithe Reatha

#### Urlárach Tráchtála

In 2014, chuir an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú cairtéil i gcrích a bhain le líomhaintí i leith gníomhaíochtaí frithiomaíocha san earnáil urlárach tráchtála agus sheol siad comhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Bhí roinnt mhaith imscrúduithe de chuid an Údaráis Iomaíochta ar bun ag dáta bhunaithe an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a ghlac leis an bhfreagracht as na himscrúduithe siúd amhail an 31 Deireadh Fómhair 2014. Ní raibh aon cheann de na himscrúduithe seo san fhearann poiblí agus ní féidir sonraí a sholáthar anseo dá bharr.

### Imscrúduithe Dúnta

In 2014, bhain an tÚdarás conclúidí rathúla amach i líon cásanna.

#### An tÚdarás Iomaíochta v Cumann Leighis na hÉireann

An 2 Iúil 2013, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí (an tAire) gur chinn se chun na táillí a bhí iníoctha ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le Liachleachtóirí Ginearálta as seirbhísí a sholáthar d'othair incháilithe faoin Scéim Seirbhísí Míochaine Ginearálta (GMS). Bheartaigh sé amhlaidh a dhéanamh trí rialacháin a dhéantar faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009. An 10 Iúil 2013, d'eisigh Cumann Leighis na hÉireann (CME) preaseisiúint ina luadh gur ritheadh rún d'aon ghuth a chur i leith an laghdaithe bheartaithe ar tháillí LG, ag cruinniú a gCoiste LGanna an 8 Iúil 2013. Luaigh a preaseisiúint, anuas air sin, gur cinneadh ag an gcrúinniú sin go gcuirfeadh LGanna stop láithreach bonn le roinnt seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear:

- baint ag LGanna i bhFoirne Cúraim Phríomhúil
- baint ag LGanna i bhFoirne Idirghabhála Pobail
- baint ag LGanna i gCláir Chúraim Chliniciúil (Galar Ainsealach), agus
- aon seirbhísí eile nach sonraítear i gconradh an GMS (i.e. an Conradh a rialaíonn soláthar seirbhísí ag LGanna faoi Scéim an GMS).

I dtuairim an Údaráis, gnóthas iad LGanna laistigh de bhrí an Achta Iomaíochta, 2002, (an tAcht) agus, ar an ábhar sin, b'éard a bhí i gníomh an IMO ná cinneadh ag comhlachas gnóthas a chuirfeadh srian, i dteannta a chéile, ar réimse agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn LGanna d'othair GMS. Mar dhea, ba chinneadh é a raibh sé de chuspóir agus/nó de thionchar aige cosc agus srian a chur ar iomaíocht, nó iomaíocht a chur as riocht sa Stát agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar thrádáil idir Ballstáit an AE, chomh maith.

An 11 Iúil 2013, scríobh an tÚdarás chuig an IMO agus luaigh siad a dtuairim gurbh ionann cinneadh Choiste LGanna an IMO agus comhghníomhaíocht ag LGanna agus gur sháraigh sé an dlí iomaíochta, go háirithe alt 4 den Acht agus Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU). D'iarr an tÚdarás ar an IMO preaseisiúint an 10 Iúil 2013 a bhaint dá láithreán gréasáin agus gealltanais a fhoilsiú chun cinneadh a gCoiste LGanna a aisiompú chun roinnt seirbhísí a aistarraingt.

I ndiaidh gur dhiúltaigh an IMO chun cinneadh a gCoiste LGanna a chealú, an 16 Iúil 2013, chuir an tÚdarás tús le himeachtaí dlíthiúla san Ard-Chúirt i leith an IMO faoi alt 4 den Acht agus Airteagal 1010 den TEFU.

An 28 Bealtaine 2014, mar chuid de chomhaontú réitigh idir an IMO agus an tÚdarás, sholáthair an IMO gealltanais don Ard-Chúirt:

- i. gan comh-aistarraingt seirbhísí nó baghcat ag a gcomhaltaí a eagrú nó a mholadh, agus
- ii. a mholadh dá gcomhaltaí gur cheart dóibh cinneadh a dhéanamh ar bhonn aonair seachas i dteannta a chéile ar cibé acu páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh i seirbhísí sláinte LG atá cistithe go poiblí de réir na dtéarmaí siúd a chuireann an tAire ar fáil.

Réitigh na gealltanais seo a sholáthair an IMO buartha dhlí iomaíochta an Údaráis. Anuas air sin, dheimhnigh an comhaontú réitigh príomhghnéithe de shuíomh an Údaráis, ó pheirspictíocht dlí iomaíochta, i dtaca le ról an IMO in aon phróiseas rannpháirtíochta leis an Aire agus/nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhain le plé ar chonarthaí sláinte LG atá cistithe go poiblí. Leag téarmaí an chomhaontaithe réitigh amach teorainneacha ról an IMO, chomh maith, ina leithéid de phróiseas. Teastaíonn an chosaint sin lena chinntiú nach sáraítear an dlí iomaíochta agus go gcosnaítear othair agus cáiniócoirí. Leag an comhaontú béim air, go háirithe, nach mór don Aire/Stát an cinneadh deiridh a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha conartha, táillí san áireamh.

## **An Post**

In 2013, chuir an tÚdarás tús le himscrúdú ar chur i bhfeidhm Scéim um Praghsáil Chríosach An Post d'úsáideoirí a dtáirge Seirbhísí Foilsithe idir Márta 2012 agus Feabhra 2013.

Cuireann An Post an táirge Seirbhísí Foilsithe ar fáil d'fhoilsitheoirí nuachtán agus tréimhseachán (e.g. irisleabhair agus nuachtlitreacha) a chuireann breis agus 100 mír in airde i bpostáil shingil. Is éard atá i gceist leis an tseirbhís seo ná nuachtlitreacha agus tréimhseacháin i mbulcbhearta a thugtar a fhad le An Post a sheachadadh sa phost.

Bhain díriú imscrúdú an Údaráis ar an mbealach inar cuireadh i bhfeidhm Scéim um Praghsáil Chríosach An Post don táirge Seirbhísí Foilsithe i rith na tréimhse thuas.

Bhí an tÚdarás faoin tuairim, idir Márta 2012 agus Feabhra 2013, gur thug an bealach inar cuireadh an Scéim um Praghsáil Chríosach i bhfeidhm buarthaí dlí iomaíochta chun solais. Thug an t-imscrúdú faoinar thug an tÚdarás le fios gur lorg An Post eisiachas ó fhoilsitheoirí trí tharaif laghdaithe a ghearradh ar an táirge Seirbhísí Foilsithe a fhad agus gur sholáthair An Post gach ceann de riachtanais seachadta foilsitheora. Bhí an tionchar nach mór céanna aige seo agus lascaine eisiachais a dheonú.

Agus aird ar staid dhóchúil cheannasach An Post sa mhargadh ábhartha, bhí an tÚdarás faoin tuairim gur dhócha gurbh ionann cur i bhfeidhm na Scéime um Praghsáil Chríosach i rith na tréimhse seo agus sárú ar alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus/nó ar Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Bhí an tÚdarás sásta go ndeachaigh nósanna imeachta leasaithe An Post chun an Scéim um Praghsáil Chríosach a chur i bhfeidhm, a tugadh isteach i bhFeabhra 2013 i ndiaidh tús a chur le himscrúdú an Údaráis, i ngleic leis na buarthaí iomaíochta a sainithníodh i rith an imscrúdaithe.

Mar gheall gur leasaigh An Post a nósanna imeachta ar bhealach tráthúil i ndiaidh gur cuireadh tús leis an imscrúdú, rinne an tÚdarás an cinneadh chun deireadh a chur lena n-imscrúdú agus chun fógra um Chinneadh Forfheidhmithe a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis chun faisnéis agus míniú a sholáthar ar na saincheisteanna a bhí i gceist.

## Saincheisteanna Forfheidhmithe Eile

### Uisce Éireann

Corpraíodh Uisce Éireann in Iúil 2013 mar chomhlacht leath-Stáit faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013. Tá Uisce Éireann freagrach as dhá chomhlacht rialála – an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF), arb iad an rialtóir geilleagrach don earnáil uisce, agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), arb iad an rialtóir comhshaoil.

I rith 2014, fuair an tÚdarás roinnt gearán a bhain le hUisce Éireann, inar tugadh buarthaí chun solais go bhféadfadh go mbeadh Uisce Éireann in ann teacht i dtír ar thomhaltóirí mar thoradh ar a stádas monaplachta.

Ó thaobh pheirspictíocht an Achta Iomaíochta, 2002, thabharfaimis faoi deara gur cheart go gcinnteodh rialáil neamhspleách Uisce Éireann ag an CRF nach mbaineann Uisce Éireann mí-úsáid as a suíomh chun seirbhísí uisce a sholáthar.

Thabharfaimis faoi deara, chomh maith, go bhfuil de chumhacht ag an CRF chun cóid chleachtais a fhaomhadh nó a dhiúltú a bheartaíonn Uisce Éireann, agus go bhféadfaidís a cheangal ar Uisce Éireann na cóid chleachtais a chomhlíonadh. Leagann na cóid seo na híosriachtanais seirbhíse do chustaiméirí amach nach mór d'Uisce Éireann a chur ar tairiscint dá gcustaiméirí agus déileáil le saincheisteanna, ar nós billeála agus téarmaí agus coinníollacha. Mar thoradh air sin, bhí an-dóchúlacht ann go rachadh cumhachtaí rialála an CRF i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh chun solais sna gearáin a fuair an tÚdarás.

Mheas an tÚdarás go bhfuil ar chumas na hiomaíochta ról dearfach a imirt i dtodhchaí earnáil uisce na hÉireann. Roimh bhunú Uisce Éireann, mholamar don Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, nuair a bhí Uisce Éireann á bhunú acu, nár cheart aon rud a dhéanamh a bhainfeadh an fhéidearthacht chun iomaíocht a thabhairt isteach nuair bhaintear an t-am ceart amach. Bhíomar faoin tuairim, chomh maith, trí spriocanna meántéarmacha agus fadtéarmacha a leagan amach d'iomaíocht san earnáil, sa chás gur féidir, go gcuirfí cinntiú ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí go mbeadh praghas seirbhísí uisce iomaíoch.

### Éidí Scoile

Fuair an tÚdarás gearáin go minic faoi éidí scoile a bheith á ndíol go heisiach trí mhiondíoltóirí amháin. Fuarthas go leor de na gearáin ó thuismitheoirí a bhí míshásta nuair nár cheadaigh scoileanna ach do mhiondíoltóirí amháin chun a n-éidí scoile a dhíol, agus bhraith siad nach raibh aon roghanna eile acu. I Lúnasa 2013, dúirt an tÚdarás gurbh é an toradh is fearr do thuismitheoirí ná nuair a cheadaíonn scoileanna do roinnt miondíoltóirí éidí scoile a sholáthar. I mBealtaine 2014, fuair an tÚdarás gearán ó mhiondíoltóir ag a raibh sé de rún chun éide scoile a dhíol do scoil a bhí bunaithe i mBaile Átha Cliath ina mbíodh ach miondíoltóir eisiach amháin. Tháinig an miondíoltóir seo (an gearánaí) a fhad leis an scoil agus chuir sé ar an eolas iad faoi threoir an Údaráis, agus chomhaontaigh an scoil chun ligean don mhiondíoltóir faoi chaibidil an t-éide scoile a dhíol chomh maith. Chuir an miondíoltóir seo ordú isteach leis an déantúsóir, ina dhiaidh sin. Dhiúltaigh an déantúsóir soláthar a dhéanamh, áfach, mar gheall gur thug sé go raibh na cearta eisiacha ag an gcéad mhiondíoltóir chun úsáid a bhaint as suaitheantas an éide scoile. Bhraith an tÚdarás gur thug an cás seo buarthaí dlí iomaíochta chun solais agus rinne siad teagmháil leis na páirtithe a bhí i gceist. I ndiaidh idirghabháil an Údaráis, chomhaontaigh an déantúsóir chun an t-éide scoile a bhí faoi chaibidil a sholáthar don ghearánaí.

Is gnách go n-eascraíonn praghsanna níos ísle agus cáilíocht níos fearr as iomaíocht idir miondíoltóirí. Spreag an tÚdarás scoileanna, sa chás gurbh fhéidir, ligean do mhiondíoltóirí éagsúla a n-éide scoile a sholáthar. Nó más mian le scoil miondíoltóir singil a cheapadh, molaimid go roghnaíonn siad an miondíoltóir sin trí thairiscint iomaíoch, seachas ar bhonn caidreamh bunaithe nó stairiúil.

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA)

Cé go bhfuil gníomhaíochtaí NAMA maidir le fáil sócmhainní bainc díolmhaithe ón Acht Iomaíochta, 2002, tagann a n-iompar iar-éadála faoi chuimsiú shainordú an Achta.

Mar gheall ar thionchar féideartha tábhachtach NAMA ar an iomaíocht, ceanglaítear orthu tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Údarás Iomaíochta (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois) ar úsáid a gcumhachtaí iarfhála. Is é an cuspóir atá aige seo ná ligean don Choimisiún agus don Údarás (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois) aon ghníomhaíocht a ghlacadh a mheasann siad is gá má mheasann siad gur eascair sárú na hiomaíochta as an úsáid a bhain siad as a gcumhachtaí.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhain NAMA as a gcumhachtaí in 2014, bhí sé ina chonclúid ag an Údarás nár eascair aon sárú ar iomaíocht as úsáid na gcumhachtaí seo.

D'aithin an tÚdarás tábhacht NAMA i ngeilleagar na hÉireann agus an tionchar a d'fhéadfadh sé imirt trína ngníomhaíochtaí éagsúla. Ní dhéanann an seasamh a ghlac an tÚdarás roimhe seo maidir le haon ghearáin a rinneadh faoi NAMA aon dochar d'aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a ghlacadh amach anseo má thagann aon fhianaise i leith iompar frithiomaíoch chun solais.

### *Treorú an DPP gan ionchúiseamh a dhéanamh*

Thug an tÚdarás le fios i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo gur seoladh comhad chuig an DPP i ndiaidh imscrúdú ar chairtéal lena bhain líomhaintí i leith camastaíl tairiscintí san earnáil chonraitheoireachta leictirí. I rith 2014, fuarthas treorú gan ionchúiseamh a dhéanamh ón DPP. Tá an t-imscrúdú seo fós ar bun.

### **Athbhreithniú ar an gClár um Dhíolúine Cairtéal**

I rith 2014, d'oibrigh an tÚdarás leis an DPP chun leagan leasaithe den Chlár um Dhíolúine Cairtéal a chur i dtoll a chéile. Táthar ag súil leis go nglacfar leis an gClár leasaithe go luath in 2015.

### **Cumhachtaí Forfheidhmithe a Úsáid**

I rith 2014, i gcomhthéacs imscrúdú amháin ar leith, thug an tÚdarás faoi thrí chuardach ag áitreabh i leith ceangaltais éagsúla ar cuireadh ina leith go raibh baint acu i ngníomhaíocht fhrithiomaíoch. Bhí nach mór leath fhoireann an Údaráis bainteach sna hoibríochtaí cuardaigh. Thug an Garda Síochána cabhair don Údarás ar an suíomh. Gabhadh cáipéisí cruachóipe agus sonraí fóiréinseacha le linn na gcuardach.

**Tábla 2: Cumhachtaí Forfheidhmithe a Úsáid in 2014**


Cumhacht Forfheidhmithe	2014
Barántais Chuardaigh	3
Toghairmeacha	0

### 3. MEASÚNÚ AR CHUMAISIC AGUS ÉADÁLACHA

#### Fógraí faoi Chumaisc le linn 2014

Léiríonn Fíor 1 thíos comparáid idir an líon fógraí faoi chumaisc a fuair an tÚdarás i ngach ceann de na blianta 2012, 2013 agus 2014 (a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014).

**Fíor 1: Comparáidí míosúla idir fógraí cumaisc a fuarthas le haghaidh na tréimhse 2011-2014 (carnach)**



Jan	Feb	Mar	April	May	June	July	Aug	Sep	Oct	Nov	Dec
Ean	Fea	Márt	Aib	Bea	Mei	Iúil	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Noí

Cuimsíonn **Aguisín B** liosta iomlán de na cumaisc ar tugadh fógra don Údarás fúthu a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014. Leagtar béim ar na pointí a leanas faoi 2014:

- Tugadh méadú beag faoi deara sa tréimhse ó Eanáir 2014 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2014 ar fhógraí a tugadh don Údarás i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.
- In 2014, chríochnaigh an tÚdarás a scrúdú ar cheithre idirbheart a fógraíodh in 2013 agus ar shín a spriocdhátaí isteach in 2014. Bhí imscrúdú iomlán chéim 2 i gceist le ceann amháin de na cásanna seo (M/13/036 – Glanbia/Wexford Creamery), agus bhí imscrúdú sínte chéim 1 i gceist le ceann amháin (M/13/033 – Sappho/TCH) i ndiaidh gur sholáthair na páirtithe tograí. Cheadaigh an tÚdarás na cásanna uile seo.
- Eisíodh ceithre Cheanglas ar Bhreis Faisnéise fad a bhí scrúdú á dhéanamh ar dhá imscrúdú ar chumasc (M/13/036 – Glanbia/Wexford Creamery agus M/14/008 – Fitzwilliam/Wittington Canada/Arnotts).
- Ceadaíodh 25 de na 31 fógra faoi chumasc a fuarthas i rith 2014 roimh an 30 Deireadh Fómhair 2014 i rith an imscrúdaithe tosaigh, de ghnáth laistigh d'aon mhí féilire amháin.

Cuireann **Aguisín C** staitisticí níos mionsonraithe ar fáil ar chumaisc ar a ndearnadh scrúdú idir 2011 agus 2014.

## Cumaisc agus Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag Teastáil Uathu

Mura raibh an tÚdarás in ann an chonclúid a bhaint amach, i ndiaidh tabhairt faoi réamh-imscrúdú (céim 1) nach ndéanfadh idirbheart “iomaíocht a laghdú go substaintiúil” (SLC), bhí orthu tabhairt faoi imscrúdú mionsonraithe (céim 2).

### **M/13/036 – Glanbia/Wexford Creamery**

An 12 Nollaig 2013, fuair an tÚdarás fógra faoi idirbheart beartaithe ina bhfaigheadh Glanbia Ingredients Ireland Limited (GIIL) an scair iomlán eisithe chaipitil de chuid Wexford Creamery Limited (Wexford Creamery) ó Wexford Milk Producers Limited (Wexford Producers).

Tá GIIL, a bunaíodh go déanach in 2012, á rialú ag Comharchumann Glanbia. Tá Glanbia suite i 17 dtír agus dáiltear a dtáirgí ar bhreis agus 130 tír ar fud an domhain agus is iad SAM agus mór-roinn na hEorpa na margaí is mó atá acu. Laistigh den Stát, tá baint ag Glanbia le bainne amh a fháil ó fheirmeoirí déiríochta, táirgí déiríochta a sholáthar agus a tháirgeadh, lena n-áirítear bainne leachtach, agus ionchuir feirme, beathú agus leasú a dhéantúsú agus a sholáthar trí rannán gnó talmhaíochta Glanbia.

Tá baint ag Wexford Creamery go príomha le bainne amh a phróiseáil ina cháis neamhbhrandáilte lena heaspórtáil do chustaiméirí gnó san Eoraip sa RA agus i SAM. Anuas air sin, laistigh den Stát, tá baint ag Wexford Creamery le bainne amh a sholáthar agus le bainne amh a phróiseáil ina bhainne leachtach, uachtar agus cáis, mar aon le roinnt táirgí bainne leachtaigh, uachtair agus cáise faoi bhranda “Wexford Creamery”. Anuas air sin, díolann siad fotháirgí cáise (lena n-áirítear uachtar meidhg agus meadhg dlúth) le Glanbia.

Dhírigh imscrúdú an Údaráis ar na trí theoiric dhíobhála a leanas:

1. Tionchar miondíola i mbainne leachtach a sholáthar agus a dhíol, lena n-áirítear tionchar áitiúil i gContae Loch Garman.
2. Tionchar náisiúnta agus/nó áitiúil ar phróiseáil déiríochta a eascraíonn ó bhlocáil fhéideartha a dhéanamh ar fhaighteoir agus ar iontrálaí nua, go háirithe (trí éadail).
3. Tionchar náisiúnta agus/nó áitiúil ar bhainne a sholáthar agus/nó ar iar-mhargáí a eascraíonn ó mhonapsonacht nó gar-mhonapsonacht Glanbia maidir le bainne a sholáthar ó fheirmeoirí déiríochta i gContae Loch Garman.

Bhain taighde, teagmháil leanúnach leis na páirtithe, tuairimí custaiméirí agus iomaitheoirí araon a fháil, measúnú a dhéanamh ar aighneachtaí tríú páirtí agus anailís eacnaiméadrach a dhéanamh ar shonraí praghais agus méide, le himscrúdú an Údaráis ar na trí theoiric dhíobhála seo. Níor tháinig an tÚdarás, i rith a n-imscrúdaithe, ar fhianaise leordhóthanach nó chomhsheasmhach chun tacú le haon cheann de na teoiricí seo nó le toradh go n-eascródh SLC as an idirbheart beartaithe in aon táirge nó in aon mhargáí tíreolaíochta laistigh den Stát.

### **Imscrúduithe Sínte Céim 1 ar Chumaisc – Ceanglais le haghaidh Tuilleadh Faisnéise**

Cheangail Ceanglas ar Bhreis Faisnéise (RFI), a d’eisigh an tÚdarás, ar pháirtithe freagairt laistigh d’amfhráma sonraithe. In 2014, eisíodh ceithre RFI fhoirmiúla in dhá chás cumaisc:

- M/13/036 – Glanbia/Wexford Creamery, a ceadaíodh gan choinníoll i ndiaidh imscrúdú chéim 2 a dhéanamh (féach thuas), agus
- M/14/008 - Fitzwilliam/Wittington Canada/Arnotts a ceadaíodh gan choinníoll i gcéim 1 i ndiaidh imscrúdú sínte a mhair beagán os cionn dhá mhí.

## **M/14/008 - Fitzwilliam/Wittington Canada/Arnotts**

An 19 March 2014, fuair an tÚdarás fógra maidir leis an bhfáil bheartaithe ina bhfaigheadh Fitzwilliam Finance Partners Limited (Fitzwilliam)/Wittington Investments, Limited (Wittington Canada) comhrialú, agus ina ndéanfadh cleamhnaithe de chuid Apollo Management, L.P. (Apollo) de chuid Arnotts Holdings Limited (Arnotts) bainistiú ar chistí infheistíochta.

Tháinig an t-idirbheart laistigh de chuimsiú dhlínse Rialachán na Comhairle (CE) Uimhir 139/2004 (Rialachán Cumaisc an AE nó an EUMR). I ndiaidh go ndearna an Coimisiún Eorpach, an tÚdarás, Apollo, Fitzwilliam agus Wittington Canada, áfach, comhaontaíodh go gcuirfeadh Apollo an Coimisiún Eorpach ar an eolas ar a n-éadail ar chomhrialú Arnotts le RBS faoin EUMR sa chéad ásc, agus ina dhiaidh sin, go lorgódh Fitzwilliam/Wittington Canada atreorú ón gCoimisiún Eorpach chuig an Údarás faoi Airteagal 4(4) de EUMR fháil Fitzwilliam/Wittington Canada, i dteannta Apollo, ar chomhrialú ar Arnotts. An 19 Márta 2014, chuir an tÚdarás an Coimisiún Eorpach ar an eolas go raibh siad toilteanach chun glacadh le hatreorú an cháis go hÉirinn faoi mar a d'iarr na páirtithe. D'eisigh an Coimisiún Eorpach a gcinneadh atreoraithe an 18 Márta 2014 agus chuir Fitzwilliam/Wittington Canada an tÚdarás ar an eolas faoin idirbheart an 19 Márta 2014.

Is iad Wittington Canada cuideachta shealbháíochta do Weston Group, Wittington Properties agus do The Selfridges Group. Tá líon miondíoltóirí ilchatagóire só ag The Selfridges Group i gCeanada, an Ísiltír agus an RA mar aon le Brown Thomas in Éirinn (i.e. ceithre shiopa Brown Thomas agus ceithre shiopa BT2 sa Stát).

Siopa ilrannach só é Brown Thomas sa Stát ina bhfuil na hearnálacha a leanas: scéimh, éadaí ban, éadaí fear, éadaí leanaí, coisbheart, oiriúintí agus earraí tí. Siopa ilrannach den scoth is ea BT2 chomh maith, ach níl réimse chomh fairsing céanna earraí ann agus díronn sé ar mhargadh níos óige ná príomhshíopaí Brown Thomas. Tá ceithre shiopa Brown Thomas lonnaithe i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Corcaigh agus Luimneach. Tá na ceithre shiopa BT2 lonnaithe i gContae Bhaile Átha Cliath.

Miondíoltóir ilchatagóire is ea Arnotts ina bhfuil meascán de tháirgí féinlipéid agus brandáilte. Oibríonn siad dhá shiopa i lár chathair Bhaile Átha Cliath faoi na hainmneacha 'Arnotts' agus 'Boyers'. Soláthraíonn Arnotts miondíol ar líne trína láithreán gréasáin. Déantar an chuid is mó dá miondíol ar líne sna catagóirí earraí tí agus earraí leictreacha.

Ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh ar thionchar iomaíoch an idirbhirt bheartaithe, scrúdaigh an tÚdarás an dá mhargadh a leanas:

1. Miondíol ilchatagóire neamhbhia i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
2. Spás lamháltais a sholáthar ag miondíoltóirí ilchatagóire neamhbhia i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Le linn a n-imscrúdaithe, rinne an tÚdarás teagmháil le roinnt tríú páirtithe, lena n-áirítear:

- Suirbhé ar 500 custaiméir de chuid Arnotts i gContae Bhaile Átha Cliath, faoinar thug Millward Brown thar ceann an Údaráis.
- Ceistneoir a scaipeadh ar an naonúr iomaitheoirí is mó de chuid Wittington Canada agus/nó Arnotts sa Stát.
- Ceistneoir a scaipeadh ar 35 lamháltóir (an t-ochtar lamháltóirí is mó san áireamh i ngach ceann de naoi gcatagóirí fhorluiteacha táirgí – éadaí ban, éadaí fear, oiriúintí, coisbheart ban, coisbheart fear, scéimh, éadaí leanaí, seodra, agus earraí tí).
- Ceistneoir a scaipeadh ar 35 soláthróir le Wittington Canada agus Arnotts araon (ina raibh a 10 soláthróir ba mhó i ngach ceann de naoi gcatagóirí fhorluiteacha táirgí).

Anuas air sin, fuair an tÚdarás aighneacht amháin tríú páirtí agus rinne siad anailís uirthi.

An 27 Bealtaine 2014, rinne an tÚdarás an t-idirbheart a ghlanadh go neamhchoinníollach, agus é ina chonclúid go mbainfeadh an cumasc d'iomáiocht go substaintiúil. Mheas an tÚdarás nach n-imreodh Wittington Canada iarchumaisc tionchar diúltach ar thomhaltóirí mar gheall nach mbeadh sé de chumas acu costais a gcomhraic a ardú agus/nó díobháil a dhéanamh do sholáthróirí sa mhargadh do mhiondíol ilchatagóire ná ní bheadh sé ar a gcumas costais a gcomhraic a ardú agus/nó díobháil a dhéanamh do lamháltóirí sa mhargadh chun spás lamháltais a sholáthar ag miondíoltóirí ilchatagóire neamhbhí. Bhí sé ina chonclúid ag an Údarás nach n-eascródh aon laghdú substainteach iomáiochta as an idirbheart in aon mhargadh le haghaidh earraí nó seirbhísí sa Stát.

## Cumaisc a bhfuil Gnólachtaí Meán Rannpháirteach Ionu

**Tábla 3: Cumaisc Mheán ar Tugadh Fógra fúthu in 2014**

Fógra	Earnáil Gheilleagrach	Dáta an Fhógra	Stádas
M/14/003 – Future/Wrapports/Aggrego	Fógraíocht ar líne	27/01/14	Ceadaithe (céim 1)
M/14/006 - Communicorp / Cardiff Broadcasting / Gwent Area Broadcasting / Galaxy Radio / Real Radio / Smooth Radio	Craolachán raidió	10/02/14	Ceadaithe (céim 1)
M/14/017 – Anglo Celt/Connaught Telegraph	Foilsíú nuachtán	25/06/14	Ceadaithe (céim 1)
M/14/018 – Sony/Step Topco (CSC Media)	Craolachán teilifíse	01/07/14	Ceadaithe (céim 1)

### M/13/033 – Sappho/TCH

An 10 Eanáir 2014, cheadaigh an tÚdarás éadail ag Sappho Limited (Sappho) ar rialú aonair ar WKW FM Limited (Beat FM) agus ar South East Broadcasting Company Limited (WLR FM) mar aon le comhrialú ar Siteridge Limited (Red FM) le Vienna Investments Limited (Vin). Cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoin idirbheart an 27 Samhain 2013.

Fochuideachta is ea Sappho atá faoi úinéireacht iomlán ag Landmark Media Investments Limited (Landmark) a bhfoilsíonn a bhfochuideachtaí na nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha laethúla agus sheachtainiúla a leanas: Irish Examiner, Evening Echo, The Laois Nationalist, The Kildare Nationalist, The Nationalist & Leinster Times, The Echo, Wexford Echo, Gorey Echo, New Ross Echo, The Western People, The Waterford News & Star, agus Roscommon Herald.

Soláthraíonn Beat FM seirbhís réigiúnach raidió óige do na contaetha a leanas: Loch Garman, Port Láirge, Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann Theas agus tá sé dírithe ar dhaoine fásta óga. Soláthraíonn WLR FM seirbhís áitiúil raidió do chathair agus do chontae Phort Láirge agus tá sé dírithe ar dhaoine idir 22 agus 55 bliain d'aois. Soláthraíonn Red FM seirbhís áitiúil raidió do chathair agus do chontae Chorcaí agus tá sé dírithe ar dhaoine idir 15 agus 35 bliain d'aois.

I ndiaidh imscrúdú sinthe chéim 1 a dhéanamh, bhí sé ina chonclúid ag an Údarás:



- cé go bhfuil Landmark, trína bhfochuideachtaí, gníomhach i bhfógraíocht nuachtáin agus ar líne agus go bhfuil Beat FM, WLR FM agus Red FM go léir ag plé le fógraíocht raidió, tá fógraíocht raidió i margadh éagsúil táirgí i gcomparáid le fógraíocht sna meáin agus, ar an ábhar sin, ní raibh aon fhorluí cothrománach idir na páirtithe ina leith seo;
- níl aon fhorluí cothrománach idir nuachtáin Landmark agus leasanna na meán ar líne agus leasanna na meán atá ag Vienna agus, go sonrath, níl aon fhorluí cothrománach idir Radio Nova (tá iontaobhas 36% faoi sheilbh ag Vienna sa stáisiún raidió seo) agus na trí stáisiún raidió atá á n-éadail ag Sappho. tá ceadúnas ag Radio Nova ó Údarás Craolacháin na hÉireann chun craoladh a dhéanamh i gContae Bhaile Átha Cliath agus, ar an ábhar sin, níl aon fhorluí tíreolaíoch ann idir an lucht éisteachta le Beat FM, WLR FM, nó Red FM.
- leanann forluí cothrománach bheith ann idir Beat FM agus WLR FM a dhírionn ar fhógraíocht áitiúil i gCathair agus Contae Phort Láirge.<sup>1</sup>

Chun dul i ngleic le buarthaí iomaíochta a eascraíonn mar gheall ar an bhforluí seo, sheol na páirtithe tograí ar aghaidh faoi alt 20(3) agus (4) den Acht. Ghlac an tÚdarás leis na tograí seo, a raibh sé ina chonclúid acu go gcinnteoidh na tograí go gcoimeádfar an iomaíocht atá i gceist ar an imeall idir Beat FM agus WLR FM i ndiaidh an idirbhirt<sup>1</sup>.

## **Athbhreithniú ar Chumaisc Neamh-Infhógartha**

### **Éadail roinnt sócmhainní de chuid Cemex ag Kilsaran agus Roadstone**

Rinne an tÚdarás imscrúdú, chomh maith, ar chumaisc amháin nach raibh infhógartha go reachtúil, i.e. cumasc a bhí faoi bhun na tairisí reachtúla le haghaidh fógartha agus nach ndearnadh a fhógairt go deonach, ach a d'fhéadfadh bheith i mbaol alt 4 agus/nó 5 den Acht a shárú.

An 6 Lúnasa 2014, fuair an tÚdarás gearán a rinne an líomhain go mbeadh tionchar tromchúiseach frithiomaíoch ag éadail roinnt sócmhainní de chuid Cemex ROI Limited (Cemex) ag Kilsaran agus Roadstone sna margaí le haghaidh coincreit réamh-mheasctha agus táirgí cloiche (cumascán).

Scríobh an tÚdarás chuig Cemex an 13 Lúnasa 2014 lena fhiosrú cibé acu an raibh nó nach raibh éadálacha a sócmhainní ag leanúint ar aghaidh, agus má bhí, cibé acu an gcomhlíonadh nó nach gcomhlíonadh na héadálacha alt 18(1) den Acht Iomaíochta, 2002 maidir le fógraíocht éigeantach mar chumasc. Anuas air sin, murar comhlíonadh na ceanglais éigeantacha, cibé acu an bhfógrófar nó nach bhfógrófar na héadálacha ar bhonn deonach.

Dheimhnigh Cemex go raibh na héadálacha ag leanúint ar aghaidh ach níor bhain láimhdeachas na sócmhainní na tairseacha le haghaidh fógraíocht éigeantach amach a chuimsítear in alt 18(1) den Acht Iomaíochta, 2002. Anuas air sin, bhí na sócmhainní a bhí á n-éadail ag Kilsaran agus Roadstone á n-éadail trí mhargaí a bhí go hiomlán ar leithleach óna chéile agus nach raibh aon idirchoinníollacht idir an dá idirbheart.

Scríobh an tÚdarás, ina dhiaidh sin, chuig Cemex, Kilsaran agus Roadstone an 22 Lúnasa 2014 agus luaigh siad go raibh roinnt ábhair bhuartha acu faoi na hidirbhearta beartaithe agus d'iarr siad ar na páirtithe gan leanúint ar aghaidh chun aon idirbheart a chríochnú nár críochnaíodh go fóill go dtí go mbeadh an deis ag an Údarás athbhreithniú a dhéanamh ar an staid agus measúnú a dhéanamh ar thionchar iomaíoch na n-idirbheart.

Áiríodh leis an imscrúdú a lean ina dhiaidh sin, cruinnithe leis an ngearánaí agus na trí pháirtí a bhí i gceist agus an aighneacht a seoladh chuig an Údarás ina raibh faisnéis faoi rún, ar nós an Mheabhráin Faisnéise a seoladh chuig ceannaitheoirí féideartha, cóip de

<sup>1</sup> Féach M/07/022 – Thomas Crosbie Holdings/South East Broadcasting.  
17

Chomhaontú um Dhíol Gnó agus Sócmhainní, agus cóip den anailís ar iomaíocht ar tugadh faoi ar éadáil sócmhainní Cemex.

Dheimhnigh imscrúdú an Údaráis an méid a leanas:

- Próiseas oscailte a bhí sa phróiseas ina ndearnadh iarracht chun sócmhainní Cemex a dhiúscairt, a bhí faoi stiúir tríú páirtí neamhspleách, Athelera, inar leanadh níos imeachta tairisceana ar neamhthuilleamaí. Seoladh Meabhrán Faisnéise mionsonraithe chuig páirtithe éagsúla laistigh den tionscal agus ba faoi pháirtithe a bhí sé chun tairiscint a dhéanamh ar shócmhainní aonair nó aon mheascán díobh.
- Níor thug an fhianaise a bhí ar fáil le tuiscint go ndéanadh aon éadáil iomaíocht a laghdú go substaintiúil. Bunaíodh an chonclúid seo ar anailís mhionsonraithe iomaíoch lenar thacaigh sonraí faoi rún ar iomaitheoirí, méideanna, cumas agus ríomhanna HHI.
- Ní raibh aon fhianaise prima facie ann i leith sárú ar an Acht Iomaíochta, 2002, a bhí cuimsithe in aon chuid den fhaisnéis a cuireadh faoi bhráid an Údaráis óna dteastódh breis imscrúdú.

Chuir an tÚdarás na páirtithe ar an eolas, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil acu, nach raibh sé beartaithe ag an Údarás cur in aghaidh nó aighneacht a dhéanamh i leith chríochnú na héadála beartaithe. Chuir an tÚdarás na páirtithe ar an eolas, chomh maith leis sin, áfach, ó tharla nár cuireadh an tÚdarás ar an eolas ar an éadáil seo faoi alt 18 den Acht, bhí gach ceart ar cosaint ag an Údarás chun breithniú a dhéanamh faoin Acht ag dáta éigin amach anseo, ar shaincheisteanna iomaíochta a bhaineann leis an éadáil seo, ar chur i bhfeidhm na héadála, agus ar ghníomhaíochtaí Kilsaran agus Roadstone.

### **Cás Kerry/Breeo**

In 2008, rinne an tÚdarás Iomaíochta ceannach Breeo a bhlocáil ag Kerry Group ([M/08/009](#)), ar cinneadh é seo inar éirigh le Kerry achomharc rathúil a dhéanamh leis an Ard-Chúirt. Dhíscaoil an Ard-Chúirt cinneadh an Údaráis chun an t-idirbheart a bhlocáil. In 2009, rinne an tÚdarás cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc leis an gCúirt Uachtarach. Meastar go mbeidh an éisteacht ar siúl sa chéad ráithe in 2015.

## 4. IOMAÍOCHT A CHUR CHUN CINN IN ÉIRINN

---

### Aighneachtaí

#### Páipéar Glas ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn

Rinne an tÚdarás [aighneacht](#) in Iúil 2014 leis an *bPáipéar Glas ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn*, ar próiseas comhairliúcháin phoiblí é a dheimhneoidh tosaíochtaí na hÉireann maidir le beartas fuinnimh a fhad le 2030. Cáipéis thábhachtach í an Páipéar Glas mar gheall gur toisc chinntitheach an praghas a íoctar as fuinneamh in iomaíocht an gheilleagair agus go n-imríonn sé tionchar ar shaol gach saoránaigh.

Cé go ndeimhníonn margáí idirnáisiúnta praghsanna ola agus gáis, eascraíonn costais líonra agus na costais chun giniúint in-athnuaithe a chur chun cinn ó roghanna beartais agus tá siad laistigh de rialú Rialtas na hÉireann. Cé gur féidir le fuinneamh in-athnuaithe foinse shaor leictreachais a sholáthar cuid den am, féadfaidh sé an costas a bhíonn ar ghnáthghiniúint a ardú, chomh maith, a bheidh le cur ar fáil i gcónaí nuair a bhíonn an soláthar uaineach mar gheall le linn aimsir luaineach. D'fhéadfaí an cur chuige i leith fuinneamh in-athnuaithe a fhóirdheonú a mhínchoigeartú chun ró-infheistíocht a chosc i dtionscadail ghaoithe a bhféadfadh nach bhfuil aon ghá leo. Mar shampla, tá an fad 15 bliana d'fhóirdheontais atá ar fáil do ghineadóirí gaoithe an-fhada agus ní léir cén fáth ar cheart don Stát an riosca a fhrithghealladh is ceart a bheith roimh infheisteoirí príobháideacha.

Ba cheart tabhairt faoi na líonraí leictreachais agus gáis a fhorbairt ar an mbealach is costéifeachtúla agus is féidir. Nuair a chuirtear na costais chaipitiúla shuntasacha san áireamh a bhíonn i gceist le líonra a uasghrádú, áfach, d'fhéadfaí costas an chaipitil a laghdú dá ndéanfaí na líonraí tarchuir a dhíchuchadh ó na struchtúir dhaingne chomhtháite ingearacha agus dá rialálfaí iad mar mhonaplachtaí nádúrtha.

Tá na margáí miondíola leictreachais agus gáis dírialálte faoi láthair agus, cé gur féidir le tomhaltóirí a soláthróir leictreachais agus gáis a roghnú, braitheann cibé acu an mbaineann nó nach mbaineann tomhaltóirí tairbhí na hiomaíochta ar an gcumas atá acu chun cuardach gníomhach a dhéanamh do mhargáí níos fearr agus aistriú chucu. Teipeann ar thomhaltóirí go minic, áfach, chun teacht i dtír ar na margáí mealltacha a bhí ar tairiscint. De réir suirbhé ar thomhaltóirí an CRF, níor aistrigh 63% de mhuintir na tíre soláthróirí fuinnimh riamh. Nuair a thugtar spreagadh áirithe dóibh, féadfaidh tomhaltóirí teacht ar mhargáí níos fearr agus soláthróirí fuinnimh a aistriú. Tá buarthaí dlísteanacha ann go bhfaigheann tomhaltóirí áirithe nach bhfuil gníomhach sa mhargadh margáí nach bhfuil chomh fabhrach céanna agus go bhfuil sciar neamhchomhréireach de na teaghlaigh níos leochailí i gceist leo seo. Más mian le tomhaltóirí aistriú a dhéanamh agus murar féidir leo amhlaidh a dhéanamh, ba cheart tabhairt faoi ghníomhartha leis na bacainní a shainnithint agus a shárú atá roimh aistriú a dhéanamh.

Mhol an tÚdarás gur cheart don CRF tabhairt faoi bhreis taighde ar an bhfáth a shainnithint nach n-aistríonn daoine, in ainneoin go bhféadfaidís coigiltí a dhéanamh. Má shainnithnítear na bacainní roimh aistriú, d'fhéadfadh go mbeadh idirghabhálacha níos sprioctha ag teastáil uaidh seo a dhírítear ar ghrúpaí áirithe.

#### Monatóireacht a dhéanamh ar Mhargáí Fuinnimh Mhiondíola

I bhFeabhra 2014, rinne an tÚdarás aighneacht chuig comhairliúchán an CRF ar a gcur chuige i leith monatóireacht a dhéanamh ar mhargáí leictreachais agus gáis ([S-14-003](#)). Thug an tÚdarás roinnt buarthaí chun solais maidir le togra don CRF chun na corrlaigh bhrabúis a bhailiú agus a fhoilsiú atá ag soláthróirí fuinnimh.

Is gnách go mbíonn athrúcháin fhairsinge le sonrú sna corrlaigh i margáí iomaíocha, áit a n-úsáideann soláthróirí réimse straitéisí chun custaiméirí a mhealladh. Thug an tÚdarás an rabhadh go bhféadfadh corrlaigh mhiondíola a fhoilsiú ag an CRF cosc a chur ar nuálaíocht táirgí agus, ar an ábhar sin, iomaíocht a laghdú mar gheall go mbeidh drogall ar sholáthróirí nuálaíocht a dhéanamh ar eagla go ngearrfar pionóis orthu má tá na

corrlaigh ró-ard. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé tionchar díobhálach breise a imirt ar iomaíocht má dhéantar an pointe fócais as na corrlaigh fhoilsithe ar mhaithe le claonpháirteachas idir céilí comhraic, mar dhea.

Ba cheart go mbeadh tomhaltóirí ag iarraidh na tairiscintí is fearr luach a fháil agus ba cheart iarrachtaí an CRF a dhíriú ar chabhrú le tomhaltóirí cinntí ceannaigh níos fearr a dhéanamh agus aistriú a éascú idir soláthróirí. Ach tá an baol ann go laghdóidh corrlaigh mhiondíola a fhoilsiú i margadh iomaíoch an iomaíocht, seachas í a mhéadú, agus go mbeidh gach custaiméir thíos leis seo.

Ba cheart go léireodh aon sainmhíniú ar iomaíocht i margaí miondíola leictreachais an smaoinemh gur próiseas dinimiciúil margaidh í an iomaíocht a chuimsíonn roinnt gnéithe seachas an praghas agus sciar an mhargaidh. Anuas ar phraghas, ba cheart na critéir chun measúnú a dhéanamh ar iomaíocht sa leictreachas a fhairsingiú chun cáilíocht agus rogha a chur san áireamh.

## **Rialáil Tacsaithe**

In Eanáir 2014, rinne an tÚdarás [aighneacht](#) leis an gcomhairliúchán poiblí a d'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) maidir leis an togra chun rialacháin nua a thabhairt isteach faoin Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013. Léirigh an tÚdarás an tuairim go bhféadfadh Rialachán 13 de na dréacht-Rialacháin um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Leasú), 2014, go héifeachtach, forálacha a tugadh isteach in 2010 a chomhaontú nach mór do gach iontrálaí nua Feithicle atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí (WAV) a thiomáint. Rinne na rialacháin seo comhdhlúthú agus ionadú fairsing i gcaitheamh reachtaíocht chaoga bliain a bhain leis an tionscal tacsaithe, anuas ar roinnt reachtaíocht nua a thabhairt isteach.

Tá WAVanna níos costasaí le ceannach agus le tiomáint i gcomparáid le feithiclí caighdeánacha. Bheartaigh na rialacháin nua nach mór d'iontrálaithe nua WAV a thiomáint nach bhfuil níos sine ná sé bliana. I gcodarsnacht leis seo, is í an aois uasta do shealbhóirí reatha ceadúnais idir 10 agus 15 bliana d'fheithiclí caighdeánacha, agus baineadh na riachtanais aoise do WAVanna reatha. Mhéadóidh seo an t-ualach airgeadais ar iontrálaithe nua agus chuirfeadh sé iad faoi mhíbhuntáiste suntasach i gcomparáid le sealbhóirí ceadúnais reatha.

Tá sé réasúnta a bheith ag súil le hiontráil theoranta nua sa timpeallacht reatha gheilleagrach, áit a bhfuil praghsanna á lascainiú agus a bhfuil laghdú ag teacht ar an líon tacsaithe. Ciallaíonn seo go mbeidh níos lú tacsaithe ann nuair a athshlánaíonn an geilleagar agus nuair a mhéadófar an t-éileamh ar thacsaithe. Drochnuacht é seo do gach tomhaltóir, agus d'úsáideoirí cathaoir rothaí go háirithe, a bhfuil deacrachtaí suntasacha acu cheana féin le rochtain a fháil ar sheirbhísí tacsáí.

Tugadh an riail isteach nach mór d'iontrálaithe nua WAV a thiomáint chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ar sheirbhísí tacsáí do dhaoine atá faoi mhíchumas. Níl ag éirí leis an mbeartas reatha, áfach. Tháinig titim ar an líon WAVanna mar chéatadán de gach ceadúnas feithicil bheag seirbhíse poiblí (i.e. tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) anuas ó 6% go dtí 4% idir Meitheamh 2010 agus Nollaig 2013. Ina ionad sin, chruthaigh an ceanglas go dtiomáineann iontrálaithe nua WAV bacainn bhuan chainníochtúil ar bheag a rinne sí leis an bhfáil atá ar WAVanna a mhéadú.

Mhol an tÚdarás gur cheart na dréachtforálacha a chuimsítear laistigh de Rialachán 13 a bhaint. Moltar, chomh maith, chun feabhas a chur ar an gcéatadán WAVanna sa mhargadh, gur cheart don Rialtas tús áite a thabhairt do bhealaí níos éifeachtaí chun soláthar a mheaitseáil le héileamh. Seo an chéad chéim thábhachtach chun an t-éileamh riachtanach a chruthú chun an dreasacht airgeadais a sholáthar do thiománaithe tacsáí agus d'iontrálaithe féideartha chun infheistíocht a dhéanamh in WAVanna.

Chuir an ÚNI na Rialacháin um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Leasú), 2014 i bhfeidhm in Aibreán 2014. Áirítear leo na forálacha a leagtar amach i ndrúacht-Rialachán 13 a ndearna an tÚdarás nóta tráchta orthu.

## Rialáil Bailiú Dramhaíl Tí

D'fháiltigh an tÚdarás roimh chuspóirí bunúsacha an chomhairliúcháin phoiblí ar Rialáil Bailiú Dramhaíl Tí, a bhfuil air an córas reatha rialála a threisiú san earnáil bhailithe dramhaíl tí. Dhírigh [aighneacht](#) an Údaráis in Eanáir 2014 leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) ar thograí beartais sa chomhairliúchán a bhaineann leis an gcomhshaoil, ach d'fhéadfaidís tionchar a imirt ar an iomaíocht. I measc na dtograí seo, bhí: (a) rialáil struchtúir phraghsála, (b) táillí ceadá bainistíocht dramhaíola agus (c) tograí chun an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú.

I dtaobh rialáil struchtúir phraghsála, thug aighneacht an Údaráis faoi deara go bhféadfadh an togra chun córas muirearaithe i dtaobh praghsais de réir meáchain srian a chur ar shaoirse ghnóthas chun a gcleachtas praghsála a dheimhniú go neamhspleách agus go bhféadfadh seo teorainn a chur ar iomaíocht. Mhol an aighneacht, chomh maith, gur cheart don DECLG tabhairt faoi anailís costais is tairbhe a ligeann dóibh na dreasachtaí feabhsaithe a chothromú do laghdú dramhaíola i leith chostas an chórais.

Mhol an tÚdarás nár cheart táillí ceadá bainistíocht dramhaíola a shocrú ar leibhéal a dhíspreagann bailitheoirí nua dramhaíola ón earnáil a iontráil nó a dhíspreagann bailitheoirí nua beaga a seirbhísí a fhairsingiú. Chomh maith leis sin, d'fháiltigh an aighneacht tograí nua sa chomhairliúchán chun bearta a thabhairt isteach chun an t-ualach riaracháin a laghdú dóibh siúd a bhí ag comhlíonadh na Rialachán um Bainistíocht Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007. Tá na rialacháin á mbreithniú go fóill ag an DECLG.

## Athbhreithniú ar Shaincheadúnas Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath

Réitíodh Cáipéis Chomhairliúcháin an Athbhreithnithe ar Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath ar bhonn na n-aighneachtaí a fuair an DPC i rith tréimhse thosaigh chomhairliúcháin ó Iúil go Meán Fómhair 2012, agus ar thorthaí agus ar mholtaí staidéar an Údaráis ar [iomaíocht in earnáil phort na hÉireann](#). Cuireadh obair ar an Athbhreithniú ar Shaincheadúnas ar feitheamh go dtí gur foilsíodh staidéar an Údaráis ar phoirt i Samhain 2013.

Ba í an aidhm a luadh a bhí leis an Athbhreithniú ar Shaincheadúnais ná úsáid talún a uasmhéadú agus go mbeadh Port Bhaile Átha Cliath ag oibriú ní b'fhearr d'úsáideoirí an phoirt. Úsáideann cuideachtaí earnála príobháidí, den chuid is mó, talamh Phort Bhaile Átha Cliath ar bhonn líon saghsanna de chomhaontuithe tráchtála. Áirítear leo seo léasanna, ceadúnais, comhaontuithe lamairne agus, i roinnt cásanna, comhaontuithe fadmarthanacha stairiúla nach ndearnadh comhaontuithe foirmiúla díobh i scríbhinn. Déanann an DPC gach grúpa den sórt sin a ghrúpáil mar 'saincheadúnais'. Glactar leis, anuas air sin, go n-áirítear le saincheadúnais comhaontuithe amach anseo, ar nós lamháltas.

Rinneadh dhá phríomh-mholadh i staidéar an Údaráis ar phoirt maidir le comhaontuithe reatha saincheadúnais i bPort Bhaile Átha Cliath – léasú agus ceadúnú críochfoirt Lóló agus ceadúnas ginearálta stíbhheadóra. Dheimhnik an tÚdarás go bhféadfadh na léasanna agus na ceadúnais seo an tionchar a imirt chun srian a chur ar iomaíocht trí theorainn dhian a chur ar an scóip d'iontráil nua. Moladh gur cheart don DPC breithniú tromchúiseach a dhéanamh ar fhad na gcomhaontuithe seo a laghdú chun dul i ngleic lena dtionchar frithiomaíoch.

Bhí [aighneacht](#) an Údaráis leis an DPC i bhFeabhra 2014 i dtaca le Cáipéis Chomhairliúcháin Athbhreithnithe ar Shaincheadúnas an DPC dearfach den chuid ba mhó i dtaobh threo an bheartais a bhí á bheartú ag an DPC sa Cháipéis Chomhairliúcháin Athbhreithnithe ar Shaincheadúnas. Fad a bhí na dúshláin dhlíthiúla á n-aithint a bhain leis na léasanna agus na ceadúnais reatha a mhionathrú, luadh san aighneacht gur cheart don Athbhreithniú ar Shaincheadúnas treorú ní ba shoiléire a thabhairt d'úsáideoirí agus do sholáthróirí féideartha poirt go bhfuil an DPC diongbháilte ina gcuid iarrachtaí chun iomaíocht ionphoirt a fheabhsú. Bhí an tÚdarás buartha, go háirithe, go raibh na critéir faoina raibh an DPC ag beartú chun ceadúnais nua ginearálta stíbhheadóra a eisiúint ró-theoranta agus gur chosain siad staid an tsealbhóra poist an

méid sin nár dhealraitheach go raibh údar leis ar mhaithe le leasanna an phoirt nó leasanna úsáideoirí an phoirt.

Ag eascairt óna n-athbhreithniú, d'fhoilsigh an DPC beartas nua saincheadúnais i mBealtaine 2014. Glacann an beartas nua seo le cuid de na tuairimí a léirigh an tÚdarás ina n-aighneacht agus torthaí a dtuarascáil de chuid Nollaig 2013 ar Iomaíocht in Earnáil Phort na hÉireann.

### **Straitéis Iompair 2015-2017**

D'fháiltigh an tÚdarás roimh an deis chun ionchur a sholáthar isteach i ndrúachtú *Ráiteas Straitéise 2015-2017* leasaithe na Roinne Iompair, Turasoireachta agus Spóirt. Le cúig bliana anuas, spreag an tÚdarás an Roinn chun iomaíocht níos fearr a éascú sna hearnálacha iompair. I nDeireadh Fómhair 2014, rinne an tÚdarás aighneacht don Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt i dtaca le *Ráiteas Straitéise 2015-2017* na Roinne. Dhírigh an [aighneacht](#) seo ar na leasaithe sonracha siúd a mheas an tÚdarás a bhí ag teastáil sna hearnálacha paisinéirí bus, tacsáí agus poirt, mar gheall gur limistéir iad seo ina raibh teagmháil shubstainteach phoiblí ag an Údarás leis an Roinn agus/nó an ÚNI.

D'aithin an tÚdarás an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le leasú na reachtaíochta ceadúnaithe bus agus cúnaimh leanúnach na Roinne maidir le hobair an Údarás san earnáil phort. Ar leibhéal fairsing, áfach, chreid an tÚdarás gur cheart don Roinn agus don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) a gcroíchuspóirí a athailíniú i dtreo seirbhísí iompair a sholáthar atá dírithe ar thomhaltóirí. Cuireann leasuithe a leagann breis brú iomaíoch ar shealbhóirí reatha poist go mór leis an gcuspóir seo agus ba cheart iad a lua go soiléir i *Ráiteas Straitéise 2015-2017* leasaithe na Roinne.

Is féidir teacht ar liosta iomlán na n-aighneachtaí foirmiúla a rinne an tÚdarás le linn 2014 in ***Aguisín D.***

### **Comhairle a chur ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí Rialtais**

#### **Naíonraí príobháideacha ar thailte bunscoileanna poiblí**

Fuair an tÚdarás roinnt gearán in 2014 maidir le hoibriú naíonraí príobháideacha ar thailte bunscoileanna príobháideacha. Bhí sé ina argóint ag gearánaigh (a) go mbunaítear na seirbhísí seo in éagmais aon phróisis tairisceana agus (b) go mbíonn naíonraí príobháideacha a oibrítear ar thailte bunscoile faoi bhuntáiste éagórach iomaíoch mar gheall go n-oibríonn siad i dtimpeallacht rialála níos fabhraí ná mar a dhéanfaidís ar bhealach eile.

Cé gur dócha nach dtiocfaidh na saincheisteanna seo faoi chuimsiú an dlí iomaíochta, aithníonn an tÚdarás an fhéidearthacht go mbeidh tionchar frithiomaíoch ag na cleachtais sin. Ar an gcúis seo, chas an tÚdarás leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) i Lúnasa 2014 chun plé a dhéanamh ar na buarthaí a bhí á dtabhairt chun solais. Go hachomair, d'aithin an Roinn gur féidir leis an gcleachtas reatha, inar féidir le soláthraithe áirithe naíonraí príobháideacha oibriú laistigh de phurláin bhunscoile, deacrachtaí a chruthú do sholáthróirí seirbhíse príobháidí atá suite i ngar dóibh nár soláthraíodh an deis dóibh chun tairiscint a dhéanamh chun na seirbhísí sin a sholáthar ar phurláin na bunscoile poiblí.

Chun na buarthaí a mhaolú, bheartaigh an Roinn chun treoir shonrach a chur i dtoll a chéile do Bhoird Bhainistíochta lena chinntiú go gcuirtear tionchar aon chinnidh chun seirbhísí naíonra a sholáthar laistigh de phurláin bhunscoile poiblí san áireamh agus lorgóidh an treoir, go sonrach, a chinntiú go gcuirtear na deiseanna chun na seirbhísí sin a sholáthar do sholáthróirí seirbhíse reatha áitiúla naíonra ar bhealach níos oscailte agus trédhearcaí. D'fháiltigh an tÚdarás roimh an bhforbairt seo agus chomhaontaigh siad d'iarratas ón ROS chun ionchur a sholáthar sa treoir nuair a dhréachtaítear í. Soláthroidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí aon ionchur den sórt sin anois.

## Iomaíocht sa mhargadh bailithe dramhaíl tí

D'iarr an ráiteas straitéise bainistíochta dramhaíl tí (Deis Acmhainne – Beartas Bainistíochta Dramhaíola in Éirinn) ('A Resource Opportunity – Waste Management Policy in Ireland'), a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) in Iúil 2012 ar an Údarás chun tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar iomaíocht sa mhargadh bainistíochta dramhaíl tí in 2016 chun cur le hathbhreithiú meántéarmach an DECLG ar chur i bhfeidhm an bheartais nua bhainistíochta dramhaíola.

Chun an tuarascáil a chur i dtoll a chéile, is tábhachtach go mbailítear na sonraí agus an fhaisnéis ábhartha i gcaitheamh tréimhse shuntasach ama sula dtugtar faoin tuarascáil ar mhaithe le ligean do mheasúnú bríoch a dhéanamh ar conas atá iomaíocht ag oibriú sa mhargadh bailithe dramhaíl tí. Ceadáíonn an Plean Gnímh maidir le Poist 2014 (PGP 2014) don Údarás, an DECLG agus gníomhaireachtaí ábhartha eile ar nós na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun oibriú le chéile chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais sonraí agus ar infhaighteacht chun staidéar a éascú 2016.

Chríochnaigh an tÚdarás an chéad cheann de na céimeanna seo i dtráth – i.e. measúnú ar shonraí maidir le bailiú dramhaíola atá ar fáil faoi láthair trí bhealaí oifigiúla. Chuir an tÚdarás an DECLG ar an eolas, chomh maith, ar shonraí a theastaíonn ach nach bhfuil fáil orthu faoi láthair. Anuas air sin, ghlac an tÚdarás le bearta chun leanúint ag oibriú leis an DECLG agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile chun (a) an tacar iomlán sonraí a theastaíonn chun anailís chuimsitheach a dhéanamh ar mhargaí bailithe dramhaíola agus (b) chun áis nó áiseanna bailithe sonraí atá inrochtana ar bhonn trasghníomhaireachta a bhunú. Críochnóidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an obair seo.

## An Coiste Comhairleach do Thacsaithe

Bhí ionadaí ag an Údarás ar an gCoiste Comhairleach do Thacsaithe chun treoir agus comhairle leanúnach a sholáthar ar aon saincheistean a d'fhéadfadh teacht chun solais a bhféadfadh tionchar diúltach bheith acu ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí. Tugtar faoi chruinnithe an Choiste ar bhonn rúnda, agus ní raibh an tÚdarás in ann breis tráchtairachta a dhéanamh, ar an ábhar sin, ar shonraí na gcruinnithe siúd sa tuarascáil seo.

## Moltaí ó Thuarascálacha Roimhe Seo

### Tiomantas an Rialtais

In 2011, d'fhógair an Rialtas, maidir leis na moltaí a rinne an tÚdarás Iomaíochta i staidéir mhargaidh amach anseo, go dtabharfaidh an tAire leis an bhfreagracht chúil bheartais as na moltaí siúd, laistigh de naoi mí ó thuairisciú na tuarascála, tuarascáil don Rialtas ina dtugtar a staid maidir le cur i bhfeidhm na moltaí.

### Moltaí an staidéir ar phoirt

D'fhoilsigh an tÚdarás a dtuarascáil ar *Iomaíocht in Earnáil Phort na hÉireann* i Samhain 2013. I Lúnasa 2014, d'fhreagair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe, T.D., do na moltaí a rinneadh i staidéar ar phoirt an Údaráis. Tugtar an t-achoiriú a leanas ar fhreagairt an Aire:

- **Socrúithe léasaithe agus ceadúnaithe:** Thug an tAire faoi deara gur fháiltigh tuarascáil an Údaráis roimh an earnáil poirt tráchtála den chuid ba mhó. Cuimsíodh dhá mholadh a bhaineann go sonrach leis an earnáil i staidéar ar phoirt an Údaráis: Moladh 1 – Leasú agus ceadúnú chríochfoirt Lóló Bhaile Átha Cliath 2 – Ceadúnú stíobheadóra.

Luaigh moladh 1 gur cheart do Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath (CPBÁC) machnamh domhain a dhéanamh ar fhad cheadúnais na gcríochfort Lóló. Luaigh moladh 2 gur cheart do CPBÁC ar a laghad dhá cheadúnas nua ghinearálta stíobheadóra a eisiúint.



I dtaobh Mholadh 1, thug an tAire faoi deara gur feidhm reachtúil de stiúrthóirí CPBÁC iad gach saincheist a bhaineann le léasú na dtailte sa phort agus nach ceist iad a bhfuil aon ról ag an Aire iontu. Tugadh faoi deara gur theastaigh breithniú ó thionchar *na Treorach ar bhronnadh conarthaí lamhálaí (2014/23/EU)* ar glacadh leis le déanaí, agus *an Rialachán lena mbunaítear creatlach ar rochtain an mhargaidh ar sheirbhísí poirt agus trédhearcacht airgeadais phort (COM2013/296)* a bheartaítear ar an moladh ar leith seo.

I dtaobh Mholadh 2, leag an tAire an bhéim arís eile air gur feidhmeanna reachtúla na gcuideachtaí poirt seachas limistéir ina bhfuil aon ról ag an Aire iad soláthar seirbhísí agus bainistíocht agus oibriú calafort cuideachta. Luaigh sé, chomh maith, go bhféadfadh forbairtí ar leibhéal reachtaíochta na hEorpa (féach thuas) cabhrú go mór chun dul i ngleic le buarthaí an Údaráis.

- **Dúnadh agus cónascadh an phoirt:** Luaigh moladh 3, má bheartaítear cumasc a dhéanamh, ba cheart go gceanglófaí ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tuairimí an Údaráis a lorg lena chinntiú nach mbaineann an cumasc go mór den iomaíocht.

Luaigh an tAire go bhfuil an Roinn sásta le comhaontú a dhéanamh ar nós imeachta agus go bhfuil siad airdeallach ar an ngá chun cruthú ualaí neamhriachtanacha riaracháin nó rialála a sheachaint.

- **Bearta bailithe sonraí agus feidhmíochta:** Luaigh Moladh 6 gur cheart don Roinn tús áite a thabhairt do bhailiú agus d'fhorbairt méadracht nua sonraí agus bearta feidhmíochta poirt i gcás poirt níos mó.

Luaigh an tAire go dtugann an Beartas Náisiúnta Port faoi líon feabhsúchán a thabhairt isteach i limistéir an bhailithe sonraí agus tomhas feidhmíochta an phoirt. Tugann sé faoi deara, cé go bhfuil tús curtha anois le planáil an chláir oibre, níl ach céim an-luath den fhorbairt bainte amach.

## **Aturnaetha agus Abhcóidí**

Leanann an Bille um Rialáil Seirbhísí Dlí ag gabháil ar aghaidh a fhad leis an Oireachtas. Amhail an 30 Deireadh Fómhair 2014, bhí an Bille tar éis an Chéim Thuairiscithe a bhaint amach agus táthar ag súil le hachtú sa chéad ráithe de 2015, tar éis go mbunófar an tÚdarás nua neamhspleách Rialála Seirbhísí Dlí ina dhiaidh sin.

Cuireann an Bille leis na moltaí a rinne an tÚdarás ina dtuarascáil [Iomaíocht i Seirbhísí Gairmiúla – Aturnaetha agus Abhcóidí](#) agus moltaí eile a rinne an Grúpa Oibre Costais Dlí, a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí in 2004.

Ba rialtóir neamhspleách don lucht dlí a thabhairt isteach an nuáil ba thábhachtaí agus ba é príomh-mholadh ár dtuarascála – in ionad an chórais reatha de dhea-rialáil ag Comhairle Bharra na hÉireann agus Dlí-Chumann na hÉireann. Bheadh seo ar aon dul le prionsabail um Rialú Níos Fearr agus dhéanfadh sé leasú in earnálacha eile a mhacasamhlú sa lucht dlí i dtíortha eile. Forálann an Bille bunú rialtóir nua an dá bhainse den lucht dlí chun leas tomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn.

## **Bailiú Dramhaíola**

In aighneacht leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2011 dar teideal "[Struchtúr Margaí Bailithe Dramhaíl Tí a Mhionathrú \('Altering the Structure of Household Waste Collection Markets'\)](#)", mhol an tÚdarás gur cheart tairiscint iomaíoch a thabhairt isteach i margaí nach bhfuil ag éirí go maith le hiomaíocht thaobh le taobh maidir le bailiú dramhaíl tí. D'fháiltigh an tÚdarás roimh an bhfógairt ag an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Alan Kelly, i Meán Fómhair 2014, go dtacaíonn sé le hiomaíocht don mhargadh agus go ndéanfar breithniú air sin nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar leasuithe amach anseo don earnáil.



## Limistéir Eile Chomhairle

Anuas ar na príomhlímistéir oibre ar a dtugtar breac-chuntas thuas, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le Ranna Rialtais agus le comhlachtaí poiblí in 2014 ar réimse saincheisteanna beartais eile. Tugtar achoimre orthu seo i dTábla 4 thíos.

**Tábla 4: Comhairle a cuireadh ar Ranna Rialtais agus ar Chomhlachtaí Poiblí in 2014**

Roinn Rialtais	Ábhar
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Scéim na nAinmhithe Tite
	Leasuithe CAP
	Saincheisteanna an Tionscail Mhairteola
An Roinn Oideachais	Naíonraí ar Thailte Scoile a Oibriú
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Bailiú Dramhaíola
	Tionscnaimh Freagrachta Táirgeora
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Cuntasóirí a Chlárú
	Seirbhísí ó Phiaraí go Píaraí
An Roinn Sláinte	Acht na bhFiaclóirí
	Árachas Uilíoch Sláinte
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Ráiteas Straitéise
	Moltaí an Staidéir ar Phoirt
	Píolótacht
<b>Comhlachtaí Poiblí</b>	
CORU	Cóid Iompair
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Monatóireacht a dhéanamh ar Mhargaí Fuinnimh Mhiondíola
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Seirbhísí Bailithe Dramhaíola
An tÚdarás Árachais Sláinte	Rialáil Soláthróirí Árachas Sláinte

## Feasacht a Mhúscailt

### Oideachas agus For-Rochtain

Lean gníomhaíocht for-rochtana an Údaráis ar mhaithe leis an bpobal gnó in 2014 agus ghlac an tÚdarás i líon imeachtaí a bhí dírithe go príomha ar an earnáil Fiontar Beag agus Meánmhéide. Ghlac siad páirt in 12 imeacht ar fud na tíre le linn na bliana, agus chas siad leis na mílte gnólacht agus lena ngrúpaí ionadaíoch, chun cabhrú leo tuiscint níos fearr a fháil ar is gá a bheith ar eolas ag gnólachtaí faoin dlí iomaíochta agus conas is féidir leo a sheachaint bheith mar íospartaigh iompair fhrithiomaíoch.

## **Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business')**

Tionscnamh is ea Gnó a Thógáil i gCúram atá ar bun ag na comhlachtaí rialála laistigh den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a thugann le chéile na heagraíochtaí in aon áit amháin ag imeachtaí leath lae saor in aisce, áit ar féidir le haon duine ar spéis leo gnólacht a bhunú nó a bhfuil gnó nuathionscanta acu freastal agus eolas a fháil ar gach ceann de na tacaíochtaí poiblí atá ar fáil acu. Thit ceithre imeacht amach in 2014 i Luimneach, Gaillimh, Corcaigh agus Baile Átha Cliath agus d'fhreastail breis agus 1,500 gnólacht ar an iomlán.

## **Soláthar agus Iomaíocht Phoiblí**

D'oibrigh an tÚdarás le hOifig Sholáthair an Rialtais (OGP) agus le líon páirtithe leasmhara eile maidir le treoir a chur i dtoll a chéile d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide maidir le conas is féidir leo páirt a ghlacadh i dtairiscintí cuibhreannais, agus gan an dlí iomaíochta a shárú ag an tráth céanna. Tugann an treoir faoi ghealltanas tábhachtach sa Phlean Gnímh maidir le Poist 2014, mar chuid de shraith beart go ndéanfar níos fusa é d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide rochtain a fháil ar dheiseanna soláthair ón Rialtas.

Forbraíodh an treoir chun cabhrú le gnólachta ar mian leo teacht le chéile chun cuibhreannas a chruthú chun comhthairiscint a sheoladh ar aghaidh le haghaidh conradh poiblí. Leagadh an tasc ar an OGP as socrúithe soláthair na hearnála poiblí a lárú, atá in ainm is feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead i gceannach poiblí. Go luath in 2014, ghlac an OGP le bearta nua a bhfuil de chuspóir acu soláthar poiblí a dhéanamh níos inrochtana d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. I measc rudaí eile, spreagann bearta an OGP Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide chun breithniú a dhéanamh ar chuibhreannais a úsáid sa chás nach bhfuil siad mór a dhóthain chun tairiscint a dhéanamh as a gceart féin. Ní mór tabhairt faoi thairiscint chuibhreannais ar an mbealach sin a chomhlíonann an dlí iomaíochta. Rinne an tÚdarás comhairliúchán leis an OGP chun an treoir seo a chur i dtoll a chéile d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. D'fhoilsigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an treoir i Nollaig 2014.

## **For-Rochtain Oideachais**

Rinne an tÚdarás teagmháil, chomh maith leis sin, le líon coláistí tríú leibhéal agus le hinstiúidí oideachais agus oiliúna eile chun mic léinn, an lucht acadúil, dlíodóirí faoi oiliúint agus daoine eile a chur ar an eolas ar ról an Údaráis, ar a gcuid oibre agus faoin dlí iomaíochta go ginearálta.

In 2014, thug foireann an Údaráis 17 léacht ag ollscoileanna, coláistí agus instiúidí éagsúla.

## **Sraith Seimineár an Ollaimh Richard Whish**

D'óstaigh an tÚdarás dhá sheimineár leis an Ollamh Richard Whish in 2014. Ollamh Emeritus le Dlí is ea Richard ag Ollscoil an Rí, Londain. D'fhreastail comhaltaí foirne an Údaráis, mar aon le hionadaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí agus ComReg ar na seimineáir. Le linn na seimineár, chuir an tOllamh Whish forbheathnú i láthair ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí i ndlí iomaíochta an AE agus na RA.

Is féidir teacht ar liosta iomlán na gcur i láthair a thug foireann an Údaráis in 2014 in ***Aguisín E.***

## 5. OBAIR IDIRNÁISIÚNTA

---

### An Coimisiún Eorpach

D'fhreastail an tÚdarás ar Éisteachtaí ó Bhéil agus ar chruinnithe Choiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh ar son na hÉireann maidir le forfheidhmiú iomaíochta agus tionscnaimh ar dhlí agus ar bheartas na hiomaíochta. Sula nglacfar le cinneadh a aimseoidh sárú, mar shampla, nó glacadh le cinneadh chéim 2 maidir le cumasc a bheartaítear, ní mór don Choimisiún Éisteach ó Bhéil a chur ar siúl. Is amhlaidh atá seo chun deis a thabhairt do chosantóirí agus do thríú páirtithe leasmhara, nó do pháirtithe cumaisc chun a dtuairimí a chur in iúl. Ní mór don Choimisiún ansin dul i gcomhairle le Coiste Comhairleach, lena mbaineann gach Ballstát agus inar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl.

Ina theannta sin, téann an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit ar chleachtais, treoir agus beartais agus reachtaíocht bheartaithe forfheidhmithe a bhaineann le dlí agus beartas iomaíochta. Ghlac an tÚdarás páirt ann seo trí fhreastal ar chruinnithe déanta cinní agus ar chinntí eile, lena n-áirítear Coistí Comhairleacha agus Éisteachtaí ó Bhéal. Anuas air sin, rinne an tÚdarás rannpháirtíocht scríofa agus ó bhéal le hanailís ar bheartais agus ar chásanna. Agus aird ar shrianta ar acmhainní, níor fhreastail an tÚdarás ar gach cruinniú ach dhírigh siad ar na cásanna siúd ag a raibh tionchar (iarbhír nó féideartha) ar thomhaltóirí na hÉireann agus ar na cruinnithe ardleibhéil a spreag cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtúil dhlí an AE.

Rinne an fhoireann forfheidhmithe ionadaíocht don Údarás ag cúig chruinniú an Choiste Chomhairligh in 2014.

I rith na bliana, lean an Rannán Cumasc le dul i mbun idirchaidrimh leis an gCoimisiún in imscrúdú a dhéanamh ar éadail Hutchison 3G UK / Telefonica Ireland agus sholáthair siad nótaí tráchta don Choimisiún Eorpach ar gach ceann de na sraitheanna éagsúla tograí a sholáthair na páirtithe sa chás sin. Lean Rannán na gCumasc dul chun cinn éisteachtaí an Choiste Chomhairligh maidir leis na cásanna um Athbhreithniú Cumaisc AE a leanas agus ghlac siad páirt iontu:

- Hutchison 3G UK / Telefonica Ireland – Cás Uimhir COMP/M.6992
- Holcim / Cemex West – Cás Uimhir COMP/M.7009
- Telefonica Deutschland / E Plus – Cás Uimhir COMP/M.7018
- Cemex / Holcim Assets – Cás Uimhir COMP/M.7054

In 2014, lean Rannán na gCumasc dul chun cinn roinnt cásanna eile agus thug siad a dtuairimí don Choimisiún, nuair ba ghá.

Sa mhullach air sin, an 22 Deireadh Fómhair 2014, rinne an tÚdarás aighneacht leis an gCoimisiún mar fhreagairt ar a gcomhairliúcháin ar fheabhsúcháin fhéideartha a dhéanamh ar rialú cumaisc an AE in dhá limistéar: scairsheibhe mhionlaigh agus aistriú cásanna idir an Coimisiún agus údarais náisiúnta iomaíochta.

### Meitheal Oibre an AE maidir le Cumaisc

In 2014, chuir an tÚdarás le hobair Ghrúpa Oibre Cumaisc an AE maidir le coinbhéirseacht idir córais forfheidhmithe coinbhéirseachta na mBallstát a chothú agus cur i bhfeidhm Pháipéar Bán an Choimisiúin "I dTreo Rialú Níos Éifeachtaí Cumaisc an AE" ('Towards more effective EU Merger Control'). D'fhreastail an tÚdarás ar an dá chruinniú den ghrúpa oibre in 2014 agus sheol siad a bhfreagraí chuig na comhairliúcháin ar fheabhsúcháin fhéideartha a chur ar rialú cumaisc an AE.

### An Líonra Eorpach um Iomaíocht

## Foghrúpa Bia an ECN

Soláthraíonn Foghrúpa Bia an ECN ardán neamhfhoirmiúil d'údaráis náisiúnta iomaíochta agus don Choimisiún chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú san earnáil bhia. Ó thús deireadh 2014, chabhraigh an Foghrúpa Bia leis an gCoimisiún chun Treoirlínte a dhréachtú (nach raibh ina gceanglas) a raibh sé de chuspóir acu treoir shonrach a sholáthar do tháirgeoirí, na cúirteanna agus d'údaráis náisiúnta iomaíochta na mBallstát ar chur i bhfeidhm Airteagail 169, 170 agus 171 de Rialachán 1308/2013 a bhunaíonn eagraíocht chomónta na margaí i dtáirgí talmhaíochta (Rialachán an CMO). Ceadaiónn Rialachán an CMO do tháirgeoirí ola olóige, ainmhithe beo mairteola agus laofheola agus barranna curaíochta chun a dtáirgí a dhíol le chéile in Eagraíocht Táirgeoirí (ET) aitheanta, faoi réir go gcruthaítear éifeachtúlachtaí trí chomhghníomhaíochtaí suntasacha seachas comhdhíol. Sholáthair gach údarás náisiúnta iomaíochta, i gcomhar lena nAírí Talmhaíochta faoi seach, a dtuairimí, agus rinne siad plé agus comhairliúchán ar na saincheisteanna a thug na Treoirlínte chun solais ag cruinnithe éagsúla Fhoghrúpa Bia an ECN agus trí aighneachtaí agus tuairimí scríofa ar dhréacht-téacs na dTreoirlínte. In 2015, déanfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar dhréacht-téacs na dTreoirlínte.

## Foghrúpa Baincéireachta agus Íocaíochtaí an ECN

Ghlac an tÚdarás páirt i bhfoghrúpa Baincéireachta agus Íocaíochtaí an ECN. Measann an Banc Ceannais Eorpach gurb ionann íocaíochtaí miondíola, lena n-áirítear cártaí creidmheasa agus dochair agus a mhéid le 25% d'ioncaim iomlána bhainc. Rinne na húdaráis iomaíochta Eorpacha mionscrúdú ar an tionscal íocaíochtaí, ar an ábhar sin, le blianta beaga anuas.

Tá géarghá le margadh éifeachtúil, slán agus iomlán comhtháite íocaíochtaí AE chun iomaíocht a fhorbairt i measc réimse earnálacha agus tá seo mar bhonn agus taca le margadh inmheánach féin an AE. Cruthófar fíor-shochair do thomhaltóirí trí ghlacadh leis an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA) mar gheall go mbeidh siad in ann íocaíochtaí a dhéanamh ar fud na hEorpa chomh furasta agus chomh saor céanna lena dhéanann siad iad ina dtíortha féin. Baineann SEPA an gá chun cuntais a choimeád i dtíortha éagsúla i limistéar an euro. San fhadtearma, éascóidh tabhairt isteach aistriú creidmheasa agus dochair díreach SEPA táirgí nuálacha trasteorann a fhorbairt, mar shampla, i dtaobh íocaíochtaí idirlín agus soghluaiste, mar shampla.

### MasterCard

I Meán Fómhair 2014, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh gur ghearr an chuideachta chárta creidmheasa, MasterCard, ardtáillí gan údar agus táillí ceilte ar íocaíochtaí a dhéanamh le cártaí creidmheasa agus dochair.

Táillí iad seo ar a dtugtar Táillí Idirmhalartaithe Iltaobhaigh (MIFanna) a mhalartaítear idir bainc chun idirbhearta cárta a phróiseáil. Chuir MasterCard samhail ghnó i bhfeidhm ina raibh meicníocht i bhfeidhm a shocraigh íosphraghas a raibh ar mhiondíoltóirí a íoc as glacadh le cártaí ar a raibh branda MasterCard. Cuireadh an MIF seo i bhfeidhm ar nach mór gach íocaíocht trasteorann sa LEE agus ar íocaíochtaí cárta intíre sa Bheilg, Éire, an Iodáil, Poblacht na Seice, an Laitvia, Lucsamburg, Málta agus an Ghréig. Bhí an Coimisiún faoin tuairim gur chuir MIF MasterCard srian ar iomaíocht mar gheall ar an gcaoi go méadaíonn an táille an bonn ar a ngearrann bainc éadála praghsanna ar cheannaithe as glacadh le cártaí íocaíochta MasterCard. Mar gheall gurb ionann an MIF agus cuid mhór den phraghas deiridh a íocann gnólachtaí as bheith in ann glacadh le cártaí íocaíochta, d'fhéadfadh bonnphraghas saorga a chruthú trí MIF a ghearradh, i bprionsabal, srian a chur ar iomaíocht phraghsais agus is ionann é agus sárú ar dhlí iomaíochta an AE.

Mar thoradh ar chás MasterCard, cuireadh uasteorainn 0.2% de luach an idirbhirt i dtaobh cártaí dochair, agus 0.3% i dtaobh íocaíochtaí cárta creidmheasa ar MIFanna trasteorann.

## **Grúpa Oibre um Blocdhíolúine Aistrithe Teicneolaíochta an ECN**

Thug an Coimisiún Rialachán leasaithe um Blocdhíolúine Aistrithe Teicneolaíochta (TTBER) agus Treoirlínte leasaithe isteach i Márta 2014. I bhFeabhra, d'fhreastail an tÚdarás ar an gcruinniú inar pléadh dréachtaí deiridh na gcáipéisí.

Comhaontú ceadúnaithe is ea comhaontú aistrithe teicneolaíochta ina dtugann páirtí amháin (an ceadúnóir) údarás do pháirtí nó do pháirtithe eile, an ceadúnaí/na ceadúnaithe, chun úsáid a bhaint as a dteicneolaíocht (paitinn, fios gnó, ceadúnas bogearraí) chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Leagtar amach na rialacha ar conas measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na gcomhaontuithe aistrithe teicneolaíochta le dlí iomaíochta an AE in dhá ionstraim, an TTBER agus Treoirlínte lena ngabhann. Cuireann an TTBER díolúine ar roinnt catagóirí de chomhaontuithe ceadúnaithe a tugadh chun críche idir cuideachtaí a bhfuil cumhacht theoranta mhargaidh acu agus a mbíonn meas acu ar roinnt coinníollacha a leagtar amach sa TTBER. Meastar nach bhfuil tionchar frithiomaíoch ag na comhaontuithe siúd nó, má tá, is mó an tionchar dearfach ná an tionchar diúltach. Soláthraíonn na Treoirlínte treoir ar chur i bhfeidhm an TTBER, mar aon le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an AE ar chomhaontuithe aistrithe teicneolaíochta nach dtagann faoi chuimsiú thearmann an TTBER.

Tháinig an TTBER agus na Treoirlínte lena ghabh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2014 agus beidh siad bailí go dtí 2026.

## **Grúpa Oibre an Rialacháin um Blocdhíolúine Árachais**

Tá tús á chur faoi láthair ag an gCoimisiún ar athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán an Choimisiúin (AE) Uimh. 267/2010 an 24 Márta 2010 ar chur i bhfeidhm Airteagal 101(3) den Chonradh ar chatagóirí áirithe de chomhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhaontaithe san earnáil árachais. Tugtar an Rialachán um Blocdhíolúine Árachais (IBER) air seo. Éagfaidh sé in 2017. Ceadaíonn an IBER reatha dhá chatagóir de Chomhaontuithe Cothrománacha idir árachóirí a bheidh díolmhaithe ó Airteagal 101 a fhad agus a chomhlíontar tairseacha agus teorainneacha áirithe sciar den mhargaidh maidir leis an méid is féidir a roinnt. Is iad na saghsanna seo comhaontaithe

- i) comhthiomsúcháin, táblaí agus staidéir, agus
- ii) clúdach comónta roinnt saghsanna de rioscaí (linnte).

D'fhreastail an tÚdarás ar chruinniú i Meitheamh 2014 chun plé a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile san athbhreithniú.

## **An Grúpa Oibre Comhoibrithe**

### *Grúpa Oibre an ECN ar Shaincheisteanna Iomaíochta agus ar Phróis Chuí*

Scrúdaíonn Grúpa Oibre an ECN ar Shaincheisteanna Iomaíochta agus ar Phróis Chuí (WGCIDP) staid choinbhéirseachta na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sna Ballstáit éagsúla. Anuas air sin, díreann siad ar ghnéithe praiticiúla an chomhoibrithe idir baill an Líonra.

In 2014, dhréachtaigh an Grúpa Moltaí ar an gCumhacht chun Tabhairt faoi Agallaimh agus an Phribhléid i leith Féin-Ionchoiriú. Anuas air sin, sheol siad tionscadal ar an gcleachtas agus na fadhbanna reatha a tháinig chun solais sna Ballstáit ar fhógairt agus forfheidhmiú gníomhartha lena ghlac údarás náisiúnta iomaíochta nuair a bhí Airteagal 101/102 den TFEU á gcur i bhfeidhm maidir le gealltanais a bunaíodh i mBallstáit eile. Áiríodh le cuid de na tionscadail seo ceistneoirí a chríochnú ag gach údarás náisiúnta iomaíochta.

### *Grúpa Oibre Cairtéal an ECN*

Casann Grúpa Oibre Cairtéal an ECN de ghnáth dhá uair sa bhliain chun plé a dhéanamh ar shaincheistanna comhspéise i gcur i bhfeidhm an dlí iomaíochta maidir le cairtéil ar fud na mBallstát go léir. Déanann Ballstáit faisnéis agus taithí a roinnt ó chásanna d'fhonn dea-chleachtas a fhorbairt i mbrath agus in ionchúiseamh cionta cairtéil ar fud na hEorpa. Bhí baint lárnach ag an ngrúpa seo i bhforbairt Chlár Samhlach Trócaire an ECN.

Bhí cruinniú amháin ag an nGrúpa Oibre i mBealtaine 2014 in Riga, an Laitvia, ina ndearnadh ionadaíocht don Údarás agus inar pléadh líon cásanna leanúnacha cairtéil i mBallstáit éagsúla.

Chomh maith leis sin, tugadh cur i láthair ar shaincheistanna a tháinig chun solais i mBallstáit maidir lena gCláir Thrócaire ar leith agus ar dhlíthe nua iomaíochta a bhí ar feitheamh sna Ballstáit. Thit an dara cruinniú den Ghrúpa Oibre amach i Samhain 2014 sa Bhruiséil.

### **Nuachtlitir an ECN agus Coimre an ECN**

Déanann an ECN dhá cháipéis a chur i dtoll a chéile maidir le gníomhaíochtaí chomhaltaí an ECN.

Cáipéis rúnda inmheánach is ea *Nuachtlitir* an ECN ina dtugtar sonraí ar imscrúduithe, staidéar agus gníomhaíochtaí eile spéise a bhaineann leis an Líonra. Foilsíodh cúig eagrán de *Nuachtlitir* an ECN. Sheol an tÚdarás ceithre alt ar aghaidh chuig an *Nuachtlitir* in 2014.

Tugann *Coimre* an ECN faisnéis don phobal ar ghníomhaíochtaí chomhaltaí an ECN roinnt uaireanta sa bhliain. Chun féachaint ar iareagrán *Choimre* an ECN, téigh go dtí <http://ec.europa.eu/competition/ecn/brief/index.html>.

### **An ICN**

Bhí an tÚdarás ina gcomhalta den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht (an ICN), agus ghlac siad ionadaithe dá gcuid i gcúig ghrúpa oibre. Ba iad siúd Éifeachtúlacht na Gníomhaireachta, Cairtéil, Cumaisc, Iompar Aontaobhach agus Abhcóideacht. Tugadh faoi go leor den obair trí ghlaonna comhdhála agus bhí líon seimineáir ghréasáin ar bun ar ábhair shonracha le linn na bliana.

Socraíodh Grúpa Oibre Iompair Aontaobhaigh an ICN chun coinbhéirseacht níos mó agus chun forfheidhmiú dlíthe a rialaíonn iompar aontaobhach a chur chun cinn. D'oibrigh an tÚdarás ar ábhar a chruthú do Chaibidil Leabhar Oibre Iompair Aontaobhaigh an ICN ar Cheangal agus ar Chuachadh. Cuirfidh an cháipéis seo leis an gcreatlach anailíseach a leagtar amach i bhfoilseacháin roimhe seo an ICN a dhéileáil le measúnacht a dhéanamh ar Phraghsáil Chreice agus ar Dhéileáil Eisiach.

Rinne beirt chomhaltaí foirne ionadaíocht don Údarás ag an 11ú Ceardlann Bhliantúil Cairtéil den ICN in Taipei, an Téaváin, a bhí á hóstáil ag Coimisiún Cóirthrídála na Téaváine. Ba é téama Cheardlann na bliana seo “Feabhas a chur ar Chomhoibriú Idirnáisiúnta sa Chomhrac i leith Cairtéal” agus ghníomhaigh comhalta foirne amháin den Údarás mar mhodhnóir i seisiún ar “Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus déileáil le slánachair chun clár trócaire a chur i bhfeidhm agus a reáchtáil”.

Rinne an Comhalta i gceannas ar an Rannán Cumasc ionadaíocht don Údarás ag Comhdháil Bhliantúil an ICN in Aibreán 2014, agus labhair sé ar “Coinbhéirseacht a Chothú in Anailís ar Chumaisc” ag seisiún briste amach.

### **AN OECD**

Rinne an tÚdarás teagmháil le Coiste Iomaíochta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (an OECD), a deirtear atá ar phríomhfhoinsé an domhain le haghaidh comhairle agus anailís bheartais do rialtais ar conas is fearr fórsaí margaidh a

úsáid ar mhaithe le héifeachtúlacht agus rachmas feabhsaithe domhanda geilleagrach. Is é an Coiste a thugann le chéile mórúdarás iomaíochta an domhain, an príomhfhóram idirnáisiúnta ar shaincheisteanna tábhachtacha maidir le beartais iomaíochta.

In 2014, anuas air thuarascáil a sheoladh isteach ar fhorbairtí ar bheartais iomaíochta in Éirinn don bhliain roimhe sin, sheol an tÚdarás freagairt scríofa chuig ceistneoir Choiste Iomaíochta an OECD a bhain le ról na hiomaíochta i gcosaint tomhaltóirí airgeadais. Anuas air sin, sheol an tÚdarás freagairt scríofa chuig ceistneoir pháirtí oibre an OECD i dtaca le cumaisc a cuireadh i gcrích agus cumaisc neamh-infhógartha (e.g. breac-chuntas ar bheartais na hÉireann do chumaisc dhúshlánacha a cuireadh i gcrích). Sholáthair an tÚdarás tuairimí ó bhéal ar an ábhar cumasc seo chomh maith.

Is féidir teacht ar liosta iomlán na n-aighneachtaí foirmiúla a rinne an tÚdarás le linn 2014 in ***Aguisín D***.

## 6. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

---

### Airgeadas

Bhí cuntais airgeadais an Údaráis faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AR C agus C). Mar gheall nach dócha go gcuirfear iniúchadh ar a gcuntais le haghaidh 2014 i gcrích go dtí tráth éigin in 2015, ní féidir leis an Údarás a gcuntais bhliantúla iniúchta a fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil 2014. Foilseoidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí cuntais an Údaráis Iomaíochta ar a láithreán gréasáin a luaithe a chríochnófar an t-iniúchadh. Cuntais díscailte an Údaráis a bheidh iontu siúd agus cuimseoidh siad an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2014, is é an dáta deireanach sin dáta dhíscailte an Údaráis.

B'ionann deontas an Údaráis ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2014 agus €4,955,000. An 30 Deireadh Fómhair 2014, b'ionann an caiteachas measta neamhiniúchta agus thart ar €4 milliún.

B'ionann an t-ioncam ó fhógraí cumaisc a fhad leis an 30 Deireadh Fómhair 2014 agus €248,000. Bhí táille €8,000 le hioc ar gach cumasc a fógraíodh don Údarás faoin Acht. Ní mór an t-ioncam a fuarthas ó fhógraí cumaisc a íoc leis an Státhiste tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceanglaíonn an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar mhaithe le trédhearcacht agus dea-rialachas, gur cheart go bhfoilseodh comhlachtaí Stáit sonraí faoi thuarastal a bPríomhfheidhmeannaigh ina dtuarascálacha. Cé nach raibh post sonrach Oifigeach Príomhfheidhmeannaigh ann san Údarás, meastar gur chomhlíon Cathaoirleach an Údaráis, Isolde Goggin, an fheidhm sin. Shocraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuarastal bliantúil an Chathaoirligh (€170,345) agus chomhlíon seo beartas pá an Rialtais agus b'ionann seo agus luach saothair Leas-Ard-Rúnaí sna Státseirbhísí amhail a leagtar amach in Aguisín 1A de Chiorclán E107/22/06 na Roinne Airgeadais. Ní bhfuair an Cathaoirleach aon bhónais nó aon luach saothair breise. Leag an Rialtas tuarastail fhoireann uile an Údaráis amach agus níor íocadh aon luach saothair breise nó aon liúntais speisialta.

### Iniúchadh Inmheánach

Bhí Coiste Iniúchta an Údaráis neamhspleách ar an Údarás i dtabhairt faoina bhfeidhmeanna agus ní raibh siad faoi réir treorach nó rialú ó aon pháirtí eile.

Chas Coiste Iniúchta an Údaráis ceithre huairé i rith 2014 agus bhí comhchruinniú acu le Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí chomh maith. Threoraigh an Coiste le linn 2014, go dtabharfaí faoi líon iniúchtaí ar a son ag Capita Consulting, iniúchóirí inmheánacha an Údaráis. Sa mhullach ar athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar na hiniúchtaí seo, rinne an Coiste athbhreithniú ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm aon mholtaí iniúchta nár cuireadh i bhfeidhm go dtí sin ó thuarascálacha iniúchta 2013.

Anuas air sin, rinne an Coiste athbhreithniú ar chuntais iniúchta an Údaráis le haghaidh 2013 agus ar thuarascáil an AR C agus CR a d'éascair óna iniúchadh.

### Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás dhá iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise idir Eanáir 2014 agus an 30 Deireadh Fómhair 2014. Aistarraingíodh ceann amháin agus aisíocadh an táille. Deonaíodh an t-iarratas eile go páirteach go scaoilfí cuid de na taifid a bhí faoi sheilbh an Údaráis agus diúltaíodh rochtain ar chinn eile ar na bunúis go raibh siad íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de.



## Acmhainní Daonna

Lean an tÚdarás bheith rialaithe ag an moratóir Seirbhíse Poiblí ar earcaíocht agus ar an gCreatlach Rialaithe Fostaíochta ghaolmhar in 2014. Thit roinnt athruithe foirne amach i rith 2014 agus amhail an 30 Deireadh Fómhair 2014, bhí líon foirne coibhéise lánaimseartha 45.6 duine ag an Údarás, a d'fhág go raibh trí fholúntas acu.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Bhí Cairt Chustaiméirí ag an Údarás inar thugamar faoin leibhéal b'airde de sheirbhís a sholáthar ab fhéidir. Rinneamar seo trí na caighdeáin seirbhíse a leagan amach ar cheart do dhuine súil a bheith acu leo uainn. Ina theannta sin, mhíniomar conas a d'fhéadfadh custaiméirí faisnéis a fháil uainn agus conas aiseolas a chur ar fáil dúinn ar an leibhéal seirbhíse a cuireadh ar fáil.

Sa mhullach air sin, cuimsíodh sa chairt tiomantas, thar ár gceann, chun tuairisciú a dhéanamh gach bliain ar conas a bhaineamar nó nár bhaineamar amach na caighdeáin a leagamar amach romhainn. I dtéarmaí ár gcomhfhreagrais scríofa agus leictreonaigh, táimid tiomanta do gach comhfhreagras a aithint laistigh de thrí lá agus chun freagairt níos substaintiúla a eisiúint laistigh de chúig lá dhéag. De réir ár dtairfead, bheadh an dealramh air gur aithníodh 99% dár gcomhfhreagras laistigh den sprioc trí lá agus fuair 22% den chomhfhreagras a fuarthas freagairt níos substaintiúla laistigh den sprioc 15 lá. Ní chomh fusa céanna a rinneadh ár dtiomantais seirbhíse maidir le teagmhálaithe gutháin agus glaoiteoirí pearsanta chuig ár n-oifig a thomhas agus ar an ábhar sin, bhraitheamar ar aiseolas ónár gcustaiméirí. Ní bhfuairamar aon aiseolas ná gearáin agus cé nach léiríú críochnaitheach an easpa gearán i leith sásamh iomlán, is féidir linn a mheas go bhfuil ár dtiomantais a leagamar amach inár gcairt á mbaint amach againn go ginearálta.

**A. AGUISÍN: COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA, Ó EAN-D.F. 2014<sup>2</sup>**

---

**Isolde Goggin**

**Cathaoirleach**

**Stiúrthóir an Rannáin Abhcóideachta, an Rannáin Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannáin Straitéise**



**Stephen Calkins**

**Stiúrthóir Rannán na gCumasc**



**Gerald FitzGerald**

**Stiúrthóir Rannán na Monaplachtaí**



**Patrick Kenny**

**Stiúrthóir Rannán na gCairtéal**



---

<sup>2</sup> Ceapadh Karen O'Leary mar Bhall sealadach den Údarás Iomaíochta i Meán Fómhair 2014

**B. AGUISÍN: CUMAISIC AR TUGADH FÓGRAÍ FÚTHU DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2014**

Fógra	Earnáil Gheilleagrach	Dáta an Fhógra	Stádas
M/14/001	Léasú aerárthaí	06/01/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/002	Cothromas príobháideach infheistíochta agus seirbhísí bainistíochta sócmhainne	22/01/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/003	Fógraíocht ar líne a dhíol	27/01/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/004	Diagnóisic in-vitro ("IVD")	04/02/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/005	Déantúsaíocht agus díol feistí leighis ar a ndearnadh innealtóireacht ghonta	04/02/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/006	Fógraíocht raidió	10/02/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/007	CRO cliniciúil	26/02/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/008	Miondíol neamhbhia	19/03/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/009	Oideachas Fiontair	24/03/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/010	Fuinneamh in-athnuaite	25/03/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/011	Cúram fiacra	08/04/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/012	Bogearraí fiontair agus seirbhísí gaolmhara d'fhóntais	15/04/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/013	Seirbhísí cárta breosla	17/04/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/014	Seirbhísí bainistíochta sócmhainne	17/04/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/015	Feistí leighis	09/05/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/016	Seirbhísí íocaíochtaí idirnáisiúnta	11/06/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/017	Foilsíú nuachtán	25/06/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/018	Cainéil teilifíse a sholáthar	01/07/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/019	Earnáil na laethanta saoire lasmuigh	18/07/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/020	Teileachumarsáid	25/07/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/021	Soláthairtí gnó a sholáthar	21/08/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/022	Seirbhísí domhanda coimeáda agus seirbhísí riartha ciste	28/08/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/023	Tionscal seirbhísí seachfhoinisithe	19/09/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/024	Seirbhísí cúram sláinte	13/10/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/025	Seirbhísí airgeadais	13/10/2014	Ceadaithe (céim 1)
M/14/026	Táirgí bia a sholáthar do na hearnálacha miondíola agus	17/10/2014	Réamhimschrúdú (céim 1)

	seirbhíse bia		
M/14/027	Réitigh ionad sonraí	22/10/2014	Réamhimscrúdú (céim 1)
M/14/028	Aeriompar paisinéirí agus lastais	24/10/2014	Réamhimscrúdú (céim 1)
M/14/029	Feistí leighis	24/10/2014	Réamhimscrúdú (céim 1)
M/14/030	Stóráil ola táirgí amhola agus peitriiliam	28/10/2014	Réamhimscrúdú (céim 1)
M/14/031	Cóiríocht óstáin	30/10/2014	Réamhimscrúdú (céim 1)

## C. AGUISÍN: STAITISTICÍ AR CHUMAISIC A MEASÚNAÍODH 2011-2014

	2014	2013	2012	2011
<b>Cumaisc ar Tugadh Fógra Fúthu</b>	<b>31</b>	<b>37</b>	<b>33</b>	<b>40</b>
fógraí a cheanglaítear [alt 18(1)]	30	37	33	40
fógraí deonacha [alt 18(3)]	1	0	0	0
<b>Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe</b>	<b>4</b>	<b>6</b>	<b>4</b>	<b>6</b>
Tugtha ar aghaidh mar chéim 1	4	6	4	5
Tugtha ar aghaidh mar chéim 2	0	0	0	1
<b>Atreoraithe ó Choimisiún an AE (Airteagal 9 den ECMR)</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
<b>IOMLÁN NA gCÁSANNA</b>	<b>35</b>	<b>43</b>	<b>37</b>	<b>46</b>
an méid a bhain le cumaisc mheán	5	5	3	5
an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 i mbliain an chinnidh	1	2	0	1
an méid a chuaigh ar aghaidh go céim 2 sa bhliain roimh an gcinneadh	0	0	0	1
<b>Cásanna a Aistarraingíodh</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>1</b>	<b>0</b>
Aistarraingíodh ag céim 1	0	0	1	0
Aistarraingíodh ag céim 2	0	0	0	0
<b>Cinntí a Soláthraíodh</b>	<b>29</b>	<b>39</b>	<b>30</b>	<b>42</b>
Cinntí Chéim 1 a ceadaíthe gan tograí	27	37	30	40
Cinntí Chéim 1 le tograí	1	0	0	0
Cinntí dearfacha Chéim 2 gan choinniollacha nó tograí	1	2	0	2
Cinntí Chéim 2 le tograí	0	0	0	0
Cinntí Chéim 2 le coinniollacha	0	0	0	0
Toirmeasc Chéim 2	0	0	0	0
<b>Atreorú chuig Coimisiún an AE (Airteagal 22 den ECMR)</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
<b>Chríochnaigh a théarma an 30 Deireadh Fómhair 2014</b>	<b>6</b>	<b>4</b>	<b>6</b>	<b>4</b>
Tugtha ar aghaidh mar chéim 1	6	4	6	4

## D. AGUISÍN: AIGHNEACHTAÍ FOIRMIÚLA AG AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2014

Uimhir na hAighneachta	Aighneacht chuig	Ábhar	Achoimre
S-14-001	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Rialáil Bailiú Dramhaíl Tí	Ní mór go mbeidh an tsaoirse ag gnóthais bhailithe dramhaíola chun a bpragsanna féin a ghearradh ar a seirbhísí
S-14-002	An tÚdarás Náisiúnta Iompair	Rialáil Tacsaithe	Bainfidh srianta rialála a chuireann srian ar iontráil, den iomaíocht agus ní théann siad chun leas tomhaltóirí
S-14-003	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Monatóireacht a dhéanamh ar Mhargáí Fuinnimh Mhiondíola	D'fhéadfadh corrlaigh sholáthróirí fuinnimh a fhoilsiú iomaíocht a laghdú agus d'fhéadfadh pragsanna ní b'airde agus rogha ní ba lú eascairt as
S-14-004	Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath	Áiseanna Poirt a Shaincheadúnú	Tá ceadúnais nua stíbhheadóra ró-theoranta agus cosnaíonn siad staid an tsealbhóra poist an méid sin nach dealraitheach go bhfuil údar leis
S-14-005	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	Beartas Fuinnimh Amach Anseo na hÉireann	Féadfaidh an iomaíocht cur le gealltanais na hÉireann a bhaint amach chun CO2 a laghdú ar chostas laghdaithe
S-14-006	An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Straitéis Iompair 2015-2017	Féadfaidh iomaíocht i seirbhísí iompair athshlánú geilleagrach agus cruthú post a chur chun cinn trí fheabhas ar chur ar éifeachtúlacht agus nuálaíocht, trí phragsanna, costais agus cistiú an Státhiste a choimeád íseal
S-14-007	An Coimisiún Eorpach	I dTreo Rialú Éifeachtach Cumaisc an AE	Chuaigh an aighneacht i ngleic le saincheist scairsheilbhe mhionlaigh a thug an Coimisiún Eorpach chun solais sa cháipéis chomhairliúcháin
S-14-008	Páirtí Oibre 3 Choiste Iomaíochta an OECD	Imscrúdú a dhéanamh ar Chumaisc a Cuireadh i gCrích agus Neamh-	Aighneacht a seoladh chuig an gCruinniú Comhcheime ar imscrúdú a dhéanamh ar chumaisc a cuireadh i gcrích agus neamh-infhogartha

		Infhógartha	
S-14-009	An OECD	Iomaíocht i gCosaint Tomhaltóirí Airgeadais	Freagairt do cheistneoir Choiste Iomaíochta an OECD maidir le ról na hiomaíochta i gcosaint tomhaltóirí airgeadais

## E. AGUISÍN: SEIMINEÁIR, URLABHRAÍ, CUR I LÁTHAIR AGUS PÁIPÉIR

Teideal	Fóram	Dáta	An Duine
Forfheidhmiú an Dlí Iomaíochta	Dlí-Chumann na hÉireann	An 17 Eanáir	David McFadden
Roinnt Saincheisteanna ó Chairtéil Choiriúla a Ionchúiseamh	Rang seachtrach ar Choireacht an Bhóna Bháin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An 28 Eanáir	David McFadden
Ráiteas Tosaigh ar Iomaíocht i bPoirt na hÉireann	Comhchoiste an Oireachtais ar Iompar agus Cumarsáide	An 5 Feabhra	Isolde Goggin
Dlí Iomaíochta in Éirinn	Comhlachas na gCuntasóirí Cairte in Éirinn	An 5 Feabhra	Patrick Kenny
Obair an Údaráis Iomaíochta	Rang Dlí agus Eacnamaíocht Iomaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An 11 Feabhra	Anne Ribault-O'Reilly
Rannpháirtí	Siompóisiam d'Oifigh Idirnáisiúnta Iomaíochta um Dhlí Iomaíochta agus Eacnamaíocht na hInstitiúide Domhanda in Aghaidh Trustaí, Virginia, SAM	An 14 Feabhra	Stephen Calkins
Iomaíocht in Earnáil Phort na hÉireann	Forfás, an tÚdarás Forbartha Tionscail (an IDA) agus Fiontraíocht Éireann	An 18 Feabhra	Ciarán Aylward
Plé Painéil	An Fóram Náisiúnta Sláinte	An 19 Feabhra	Isolde Goggin
Iomaíocht in Earnáil Phort na hÉireann	Rang Eacnamaíocht Iompair, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	An 21 Feabhra	Ciarán Aylward
Rialachán Cumaisc an AE a Leasú – Leasanna Mionlaigh	Cumann na hÉireann um Dhlí Iomaíochta na hEorpa, an Fóram Dlí Iomaíochta, Baile Átha Cliath	An 5 Márta	Stephen Calkins
Na Leideanna is Fearr do Ghnó ('Top Tips for Business')	Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business'), Óstán an Strand, Luimneach	An 11 Márta	Joseph Walser
Soláthar Poiblí agus an tAcht Iomaíochta	Gnóthaí Poiblí in Éirinn	An 11 Márta	Patrick Kenny
Ról na hEacnamaíochta i mBeartas Iomaíochta	Rang MA Eacnamaíochta, Airgeadais agus Cuntasóireachta, OÉ, Má Nuad	An 14 Márta	Patrick Kenny
Cleachtais fhrithiomaíochta: Imscrúdú ag an Údarás Iomaíochta	Rang MBA, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	An 14 Márta	Anne Ribault-O'Reilly
Obair an Údaráis Iomaíochta	Dámh an Dlí, an Ghnó agus na hEacnamaíochta, Coláiste Griffith, Baile Átha Cliath	An 19 Márta	Anne Ribault-O'Reilly
Claonpháirteachas agus eisiámh faoin Acht Iomaíochta	Eagrú Tionsclaíoch, an Roinn Eacnamaíochta, UCD	An 24 Márta	Patrick Kenny
Obair an Údaráis Iomaíochta	Rang MSc Córais Dhomhanda Airgeadais, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	An 24 Márta	Anne Ribault-O'Reilly



Rialáil Cumarsáide	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	An 25 Márta	Isolde Goggin
Na Leideanna is Fearr do Ghnó ('Top Tips for Business')	Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business'), Óstán an Radisson Blu, Gaillimh	An 25 Márta	Ciarán Quigley
'An American in Dublin'	Cruinniú Earraigh Dlí in aghaidh Trustaí an ABA, Washington DC, SAM	An 26 Márta	Stephen Calkins
Na Leideanna is Fearr do Ghnó ('Top Tips for Business')	Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business'), Silver Springs, Corcaigh	An 1 Aibreán	Cathal Hanley
Roinnt Saincheisteanna ó Chairtéil Choiriúla a Ionchúiseamh	Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath: Coireacht an Bhóna Bháin	An 1 Aibreán	David McFadden
Obair an Údaráis Iomaíochta	Clár Bainistíochta Máistreacht san Innealtóireacht, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	An 4 Aibreán	Anne Ribault-O'Reilly
Ról an Bheartais Iomaíochta san Earnáil Agraibhia	Rang Treorach Corparáidí (Gnó Bia), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An 8 Aibreán	Cathal Hanley agus John Burke
Forfheidhmiú Iomaíochta	Rang Dlí Iomaíochta an AE, Scoil Dlí Sutherland UCD	An 17 Aibreán	Stephen Calkins
Dlí Iomaíochta a Fhorfheidhmiú	Ranganna Dlí Shibhialta, Eacnamaíochta agus Polaitíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	An 25 Aibreán	Eoghan Ó hArgáin
Coinbhéirseacht a Chothú in Anailís Cumaisc	An 13ú comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta an Líonra Iomaíochta, Marrakech, Maracó	An 25 Aibreán	Stephen Calkins
Obair an Údaráis Iomaíochta	An Toscaireacht Chrótach, Baile Átha Cliath	An 20 Bealtaine	Anne Ribault-O'Reilly
Cinntí Gealltanais a Úsáid	Cruinniú Bliantúil Údaráis Iomaíochta na hEorpa, Prág, Poblacht na Seice	An 22 Bealtaine	Stephen Calkins
Dlí Iomaíocht le linn Géarchéime	An 8ú Comhdháil Bhliantúil den IMEDIPA, Dúshláin Nua i bhForfheidhmiú Dlí Iomaíochta, Iostanbúl, an Tuirc	An 6 Meitheamh	Stephen Calkins
Anailís agus Olagaplacht Gheilleagrach i nDlí Iomaíochta	An 8ú Comhdháil Bhliantúil den IMEDIPA, Dúshláin Nua i bhForfheidhmiú Dlí Iomaíochta, Iostanbúl, an Tuirc	An 6 Meitheamh	Stephen Calkins
Dlí Iomaíochta in Éirinn	Institiúid na Stiúrthóirí, Béal Feirste	An 13 Meitheamh	Patrick Kenny
Dearadh Institiúideach Údaráis Iomaíochta	An Institiúid Ollscoile Eorpach	An 11 Iúil	Isolde Goggin
Smaointí agus Breathnóireacht ar Nósanna Imeachta Láimhseála Cásanna	Mionchomhdháil 2014 Ollscoil Náisiúnta Seoul agus Ollscoil Bhan Sookmyung, Seoul, an Chóiré Theas	An 3 Meán Fómhair	Stephen Calkins
Forfheidhmiú Iomaíochta agus Neodracht Iomaíoch	8ú Fóram Idirnáisiúnta Seoul, Seoul, an Chóiré Theas	An 4 Meán Fómhair	Stephen Calkins

Dlí Iomaíochta a Fheabhsú san Aise, le Díriú ar Dhlí Nós Imeachta: Peirspictíocht Neamh-Áiseach	An 18ú Ceardlann Idirnáisiúnta ar Bheartas Iomaíochta, Seoul, an Chóiré Theas	An 5 Meán Fómhair	Stephen Calkins
Dlíthe agus Saincheisteanna Nua Forfheidhmithe	Fóram in aghaidh Trustaí/Iomaíochta Chomhlachas Tráchtála Mheiriceá	An 10 Meán Fómhair	David McFadden
Struchtúir Ilghnéitheacha le haghaidh Iomaíochta agus Cosaint Tomhaltóirí	Comhdháil Bhliantúil Earraigh 2014 Rannóg Náisiúnta Dlí Iomaíochta um Dhlí Iomaíochta Comhlachas Náisiúnta Barra Cheanada, Ottawa, Ceanada	An 18 Meán Fómhair	Stephen Calkins
Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus déileáil le slánachair i gclár díolúine a chur i bhfeidhm agus a reáchtáil	11ú Ceardlann Chairtéil an ICN, Taipei, an Téaváin	An 1 Deireadh Fómhair	Eksteen Maritz
Do Dhlí Gnó agus Iomaíochta ('Your business and competition law')	Comhlachas Tráchtála Shligigh	An 2 Deireadh Fómhair	David McFadden
Dlí Iomaíochta a Fhorfheidhmiú	Rang Dlí Gnó LL.M, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	An 7 Deireadh Fómhair	David McFadden
Na Leideanna is Fearr do Ghnó ('Top Tips for Business')	Gnó a Thógáil i gCúram ('Taking Care of Business'), Caisleán Bhaile Átha Cliath	An 16 Deireadh Fómhair	Stephen Calkins

